

PACÁISTE FAISNÉISE D'EISIMIRCIGH 2014



Tábla na nÁbhar

1. RÉAMHRÁ MAIDIR LEIS AN BPACÁISTE FAISNÉISE D'EISIMIRCIGH 2014

2. TEACHTAIREACHT Ó CHATHAOIRLEACH CHOMHAIRLE EASPAG ÉIREANN D'EISIMIRCIGH

3. EOLAS D'EISIMIRCIGH

- a. Eisimirce chun na Ríochta Aontaithe
- b. Eisimirce chuig Stáit Aontaithe Mheiriceá
- c. Eisimirce chun na hAstráile
- d. Eisimirce chun na Nua-Shéalainne
- e. Eisimirce go Ceanada
- f. Eisimirce chuig Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha
- g. Eisimirce chun na hEorpa
- h. Eisimirce ó Thuaisceart Éireann

4. BÍ AIREACH

5. AG FILLEADH ABHAILE

6. ACMHAINNÍ PARÓISTEACHA

Séanadh: Tá gnóthas gaolmhar ag Comhairle Easpag Éireann d'Eisimircigh (IECE) le Séiplíneacht Éireannach na Breataine, le hAspalacht Éireannach Stáit Aontaithe Mheiriceá agus leis an tSéiplíneacht Éireannach i Sydney. Níl gaol ag an IECE le heagras ar bith eile nó le Suíomh Gréasáin ar bith a bheadh luaite sa cháipéis seo, agus níl freagracht ar bith orainn maidir le haon ábhar nó le haon rud a bhfuil ar fáil uathu nó a bhaineann leo.

Réamhrá leis an bPacáiste Faisnéise d'Eisimircigh 2014

Cé go bhfuil líon ard go leor daoine a fhágann tír na hÉireann – idir Aibreán 2012 agus Aibreán 2013 d'fhág breis agus 89,000 duine an tír seo – tá an chosúlacht ann go bhfuil titim ag tarlú i líon na ndaoine atá ag dul ar imirce. Dar leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, imeoidh 78,000 duine ón tír i rith na bliana go dtí mí Aibreán 2014, sin laghdú 14 faoin gcéad.

Cé gur ábhar dóchais é seo, tá tionchar mór leanúnach ag an imirce ar shocháil na hÉireann, agus lear mór daoine óga oile díograiseacha ag dul thar lear le deiseanna úra a lorg. Is rithábhachtach an rud é go ndéanfaidh na daoine a bhfuil sé ar intinn acu dul ar imirce, ullmhú i gceart don eispéireas. Tá súil againn go gcabhróidh an t-eolas atá sa phacáiste seo leis na heisimircigh roghanna eolacha a dhéanamh, agus go dtabharfaidh sé tacaíocht dóibh agus iad as baile.

Tá sé mar aidhm ag an bpacáiste seo chomh maith, a chur ina luí ar eisimircigh go mbaineann tábhacht nach beag le haire a thabhairt don tsláinte intinne. Beidh toradh deimhneach ar an gcónaí seo thar lear do chuid mhaith daoine ach tá seans ann go mbeidh deacrachtaí ag daoine eile déileáil le braistintí scoiteachta, agus leisce bheith orthu cabhair a lorg. Is fadhbanna suntasacha iad an mhí-úsáid drugaí agus alcóil, an dúlagar agus an féinmharú i measc phobail áirithe Éireannacha thar lear. Tuairiscíonn an t-eagras deonach Éireannach Console mar shampla, gur cuireadh 600 glao ar líne chabhrach na Breataine i rith mhí na Nollag 2013 amháin, agus gur glaonna maidir le daoine bhí réidh chun lámh a chur ina mbás féin go luath ab ea iad. Tá súil againn go gcabhróidh an t-eolas atá sa phacáiste seo le haird a tharraingt ar an tacaíocht atá ann i leith na n-eisimircigh Éireannach, agus go spreagfar díospóireacht i measc an phobail maidir leis an ábhar tábhachtach seo.

Cé go bhfuil líon na ndaoine ar imirce ard go leor i gcónaí, bíonn méid suntasach daoine ann in aghaidh na bliana a dhéanann cinneadh filleadh ar Éirinn. Ó mhí Aibreán 2012 go mí Aibreán 2013, d'fhill 15,700 saoránach na hÉireann ar an tír seo. Is tábhachtach an rud é go ndéanfaidh daoine mar seo ullmhúchán le haghaidh fillte dóibh, is cuma cé chomh fada ó d'fhágadar. Tá súil againn go gcabhróidh an t-eolas atá sa phacáiste seo leo san atá ag filleadh ar Éirinn, teacht ar an tacaíocht a bheadh uathu. Chomh maith le cabhair phraiticiúil, bíonn tacaíocht mhothúchánach agus spioradálta de dhíth ar na heisimircigh.

Leanann Comhairle Easpag Éireann d'Eisimircigh (IECE) de bheith ag cur ar fáil tríd an tséiplíneacht thar lear, an cúnamh tréadach riachtanach a bheadh ó eisimircigh Éireannacha agus iad ag iarraidh saol úr a bhunú dóibh féin i dtíortha i bhfad ó bhaile.

Teachtaireacht ón Easpag John Kirby

CATHAOIRLEACH CHOMHAIRLE EASPAG ÉIREANN

D'EISIMIRCIGH

Is baol go mbíonn tionchar leanúnach nach beag ag an imirce ar an tsochaí seo againne, agus na mílte duine ag dul thar lear a bhfuil deiseanna úra á lorg acu. Fágann siad bearna mhór ina ndiaidh i measc ghaolta, agus i measc teaghlaigh Éireannacha agus na pobail pharóisteacha.

Mar Eaglais agus mar chine, caithfidh leanúint de bheith ag síneadh na láimhe chúnta chuig na daoine sin a fhulaingíonn ón eisimirce. Agus muid ag ullmhú le Lá 'le Pádraig a cheiliúradh, tugaimid chun cuimhne ach go háirithe, ár muintir a d'fhág an tír seo den chéad uair le déanaí, agus iadsan atá ar imirce le fada.

Guímid ar mhaithe leis na teaghlaigh atá fágtha ina ndiaidh acu, agus guímid go bhfaighidh siad sólás agus neart agus iad ag déileáil le pianta na deighilte. Cuimhnímid chomh maith ar na daoine sin a tháinig ó thíortha iasachta le saol úr a bhunú dóibh féin anseo in Éirinn. Guímid go bhfaighidh siad an fháilte chéanna a bheadh á lorg againn dár muintir féin agus iad i bhfad ó bhaile.

Nuair a bhíonn an imirce á phlé againn, bíonn sé éasca bheith báite i bhfíoras agus i bhfigiúirí, ach cuimhnimis ar thaití dhaonna na heisimirce. Cuireann an Pápa Proinsias i gcuimhne dúinn ina theachtairacht ar Lá Domhanda na nEisimirceach agus na dTeifeach nach fichillíní ar chlár fichille an chine dhaonna iad na teifigh agus na heisimircigh. Is páistí iad, is fir agus mná iad a d'fhág, nó ar cuireadh iallach orthu an baile a fhágáil ar fháthanna éagsúla. Bíonn fonn dlisteanach orthu eolas agus acmhainní bheith ina seilbh acu, agus thar aon rud eile, an saol a fheabhsú dóibh féin.

Cuireann an Pápa Proinsias in iúl dúinn chomh maith, an tábhacht a bhaineann le tosca eacnamaíochta agus sóisialta a fheabhsú anseo sa bhaile, ionas go mbeidh an dara rogha ag daoine gan dul ar eisimirce. Má chuirtear deiseanna oibre ar fáil san eacnamaíocht áitiúil ní bheidh gá le go ndéanfaí teaghlaigh a roinnt óna chéile agus bheadh na coinníollacha cearta ann le go bhféadfadh daoine indibhidiúla agus grúpaí éagsúla maireachtáil ar bhealach síochánta socair seasmhach. Tá súil le Dia againn go dtiocfaidh feabhas ar eacnamaíocht na hÉireann agus go mbeifear ag díriú ar phoist a chruthú, ionas go gcuirfear deiseanna ar fáil le go bhfillfeadh daoine a raibh iallach orthu dul ar eisimirce in aghaidh a dtola.

Tá deich mbliana ann ón uair a foilsíodh an treoir phontaifiúil *Erga Migrantes Caritas Christi* (Grá Chríost i leith na nEisimirceach). Leagann an cháipéis seo béim ar an bhfíoras go bhfuil an eisimirce ag goilleadh ar bheagnach gach tír ar domhan, go mbíonn slua ollmhór daoine ag gluaiseacht leo. Agus muid ag smaoineamh ar fheiniméan na soghluaisteachta daonna seo, cuireann an creideamh i gcuimhne dúinn gur oilithrigh atá ionainn ar fad, go bhfuilimid ar aistear i dtreo ár dtír dhúchais féin.

Críost linn.



John Kirby
Easpag Chluain Fhearta
Cathaoirleach Chomhairle Easpag Éireann d'Eisimircigh
Mí an Mhárta 2014

Comhairle Easpag Éireann d'Eisimircigh

Is é Comhdháil Easpag Éireann a bhunaigh Comhairle Easpag Éireann d'Eisimircigh (IECE) sa bhliain 1957 mar fhreagairt ar riachtanais a léirigh eisimircigh roimh imeacht dóibh, agus ina dhiaidh sin. Léiríonn sé an cúram carthanach a gcuireann an Eaglais ar fáil i leith na n-eisimirceach leochaileach nach mbíonn an dara rogha acu ach imeacht ón tír. Déantar iarracht bheith mar ghuth shuntasach ar mhaithe leis na himircigh, agus taighde á dhéanamh faoi na riachtanais a bhaineann leis an imirceach Éireannach, agus eolas á scaipeadh ar an bpobal thall agus abhus faoi na riachtanais sin.

Díríodh aire na nEaspag Éireannach ar an ngátar a bhain le himircigh áirithe Éireannacha sa Bhreatain i lár chaogaidí an chéid seo caite, nuair a thug slua Colmánach a leithéid faoi deara agus iad ag obair i Manchain. Ghéill Comhdháil Easpag Éireann don achainí a rinneadar ar chabhair a fháil, agus scaoileadh méid áirithe sagart saor chun freastal a dhéanamh ar an tonn imirceach seo. I dtosach báire leagadh an bhéim ar cheiliúradh na Sacraimintí, ach de réir a chéile caitheadh níos mó ama ag díriú ar na cúinsí oibre agus maireachtála a bhain leis na heisimircigh, agus cuid acu beo bocht ag an am.

Cuireadh an fhreagairt seo ar bhonn foirmiúil sa bhliain 1957 nuair a bhunaigh Comhdháil na nEaspag "Scéim Séiplíneachta na hÉireann" sa Bhreatain. Rinneadar amhlaidh sna Stáit Aontaithe i lár na n-ochtóidí, agus san Astráil le blianta beaga anuas.

Is í an chloch is mó ar phaidrín an IECE ná aire a thabhairt do na deoraithe a léiríonn deacrachtaí maireachtála. Tugtar chun cuimhne ach go háirithe, cás na seanóirí sin atá ar imirce, ár muintir gan cháipéisí inimirce sna Stáit Aontaithe agus na príosúnaigh Éireannacha atá thar lear. De bharr feachtas SIA (ag tacú le hÉireannaigh thar lear) na mblianta 2004, 2005 agus 2006, chuir an t-airgead a bhronn pobal na hÉireann ar chumas an SIA maoiniú a dhéanamh ar sheirbhísí éagsúla for-rochtana duine le duine. Díríodh aire go príomha ar na deoraithe Éireannacha sin is mó a bhí i mbaol. Toisc gur chaith pobail na bparóistí go fial linn ar fud na hÉireann, tá sé ar acmhainn ag an IECE leanúint lena chuid oibre go fóill, agus solas a chaitheamh ar na fadhbanna leanúnacha fadtéarmacha a bhíonn roimh na glúine de dheoraithe Éireannacha.

Staitisticí Faoin Imirce

Léirigh tuairisc a d'eisigh an Phríomh-Oifig Staidrimh i mí Lúnasa na bliana 2013 gur mhéadaigh an imirce ó Éirinn go 89,000 sa tréimhse Aibreán 2012 go hAibreán na bliana 2013 agus gur náisiúnaigh na tíre seo a bhí i 57% (50,900) de na daoine sin.

I rith na tréimhse seo mhéadaigh ar an eisimirce chun na Ríochta Aontaithe agus chuig Ceanada, cé gur tháinig titim i líon na ndaoine a chuaigh ar deoraíocht chun na hAstráile agus chuig na Stáit Aontaithe. Meastar go ndeachaigh 21,900 chun cónaithe sa Ríocht Aontaithe; 6,200 a d'imigh chuig na Stáit Aontaithe; 25,700 a chuaigh ar imirce chuig tíortha san Aontas Eorpach; d'imigh 15,400 chun na hAstráile; 5,300 chuig Ceanada agus 14,400 a bhí luaite leis an "Cuid Eile an Domhain".

Léiríonn na figiúirí sealadacha ón Phríomh-Oifig Staidrimh gur bhain 34,800 de na heisimircigh leis an aoisghrúpa 15–24 agus 41,000 acu leis an aoisghrúpa 25–44. Tháinig méadú ar líon na bhfear a d'fhág an tír seo ó 26,000 go 27,100, agus d'ardaigh líon na mban Éireannach a d'fhág an tír ó 20,600 go 23,800.

Sa Ríocht Aontaithe bronnadh uimhreacha Árachais Náisiúnta ar 15,540 shaoránach Éireannach sa tréimhse bhliana go Márta 2013.

Is é an cuóta rannpháirtithe Éireannacha i dtionscnamh 'Taithí Shaoil Cheanada 2014' ná 10,700.

Dar leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta tarlóidh titim leanúnach i líon na ndaoine a théann ar eisimirce ó Éirinn. Tá siad ag tuar go n-imeoidh 78,000 duine ón tír i rith na bliana go dtí mí Aibreán 2014.



Eolas d'Eisimircigh

EISIMIRCE CHUN NA RÍOCHTA AONTAITHE	7
EISIMIRCE CHUIG STÁIT AONTAITHE MHEIRICEÁ	9
EISIMIRCE CHUN NA HASTRÁILE	12
EISIMIRCE CHUN NA NUA-SHÉALAINNE	14
EISIMIRCE GO CEANADA	16
EISIMIRCE CHUIG AONTAS NA N-ÉIMÍORACHTAÍ ARABACHA.	18
EISIMIRCE CHUN NA HEORPA	19
EISIMIRCE Ó THUAISCEART ÉIREANN.	20

Eisimirce chun na Ríochta Aontaithe

Is í an Ríocht Aontaithe an áit is mó a bhfuil gean ag eisimircigh na hÉireann ar dhul chun cónaithe inti.

VÍOSA

Ceann de na buntáistí is mó a bhaineann le bheith ag dul chun cónaithe sa Ríocht Aontaithe ná nach mbíonn gá ag duine le víosa chun bheith ag maireachtáil nó ag obair inti. Caithfidh daoine uimhir Árachais Sóisialta bheith acu áfach, má theastaíonn uathu bheith ag obair ann nó bheith ag iarraidh sochar leasa shóisialta a lorg ansin. Uimhir thagartha í an uimhir Árachais Sóisialta seo a dhéanann tagairt don chóras slándála sóisialaí ina iomláine. Ciallaíonn sé go ndéantar clárú ceart ar an gcáin agus ar an ranníocaíocht árachais náisiúnta a íocann an duine.

Caithfear an uimhir Árachais Sóisialta a chur ar fáil don fhostóir. Má chuireann duine glaoch ar Jobcentre Plus ag an uimhir +44 845 600 0643 idir 8 r.n. agus 6 i.n. ó Luan go hAoine, is féidir uimhir den chineál seo a lorg.

CÓIRÍOCHT

An dúshlán is mó a bhíonn roimh chuid mhaith daoine a bhogann chun na Ríochta Aontaithe, agus go Londain ach go háirithe, ná lóistín ar phraghas réasúnta a fháil. Bíonn dhá litir thagartha á lorg go minic ag tiarnaí talún, litir phearsanta agus litir ón tiarna talún is déanaí a bhí ag duine. Ba cheart go mbeadh a leithéid de litreacha agus éarlais chúí ullamh ag daoine ionas gur féidir leo socrú a dhéanamh ar an toirt maidir le lóistín oiriúnach a d'aimseoidís. Is gnách go n-iarrtar éarlais mhíosa ar thionóntaí. Ba cheart do dhaoine comhaontú tionóntachta bheith acu sula dtugann siad airgead ar bith uathu. Moltar do dhaoine gan bheith ag teacht chun na Ríochta Aontaithe agus tithíocht shóisialta á lorg acu, toisc go mbeidh cúpla mí ann sula n-éireodh le duine áit a fháil ar an liosta feithimh fiú.

FOSTAÍOCHT

Ba cheart do dhaoine dul ag lorg oibre sa Ríocht Aontaithe más féidir leo, sula bhfágann siad an baile ar chor ar bith. Scaip CV ar fhostóirí le barúil a fháil faoin saghas oibre atá ar fáil do dhaoine leis an gcáilíocht sin. Uaireanta bíonn sé áisiúil úsáid a bhaint as Gníomhaireacht Earcaíochta, ag brath ar an obair atá á lorg ag duine. Tá cuid mhaith suímh Ghréasáin ann a bheadh oiriúnach don té atá ar lorg oibre, agus d'fhéadfaí tús a chur leis an gcuardach ar líne.

ÁRACHAS SLÁINTE

Má bhíonn tú ag cur fút go buan sa Ríocht Aontaithe, ba cheart go mbeadh cúram ospidéal saor in aisce agat leis an tSeirbhís Náisiúnta Sláinte (NHS). Is cónaitheoir sa Ríocht Aontaithe tú má bhíonn tú i dteideal bheith sa Ríocht Aontaithe go dlíthiúil, agus más í sin do ghnáth áit chónaithe. Beidh sé de cheart agat bheith cláraithe le dochtúir ginearálta (GP), agus bíonn sé de cheart ag GP glacadh nó gan ghlacadh le duine ar an liosta othar NHS acu. Is féidir go gcuirfear ceist ort a léiriú go mbaineann buaine áirithe le do shaol sa Ríocht Aontaithe.

SULA N-IMÍONN TÚ

- » Déan taighde maidir le deiseanna fostaíochta agus scaip do CV;
- » Déan áiteanna ina bhfaighfeá lóistín oiriúnach a aithint;
- » Bíodh ciste maireachtála oiriúnach agat, éarlais lóistín agus go leor airgid go dtí go n-íoctar tú;
- » Bíodh cúpla chomhartha aitheantais agat – pas, ceadúnas tiomána, teastas breithe;
- » Beir teistiméireachtaí ó iar-fhostóirí agus ó iar-thiarnaí talún leat;
- » Léigh an treoir faoi bheith ag teacht go Londain a d'eisigh Ionad na hÉireann i Londain. Is féidir é a fháil ag an suíomh Gréasáin: www.londonirishcentre.org



NUAIR A THAGANN TÚ I DTÍR

- » Déan teagmháil le Jobcentre Plus agus déan socrú faoi agallamh a dhéanamh leo ionas go bhfaighidh tú uimhir Árachais Náisiúnta;
- » Déan teagmháil le hionad comhairle Éireannach áitiúil, le cúnamh a fháil maidir le fadhbanna a bheadh agat i dtaobh lóistín nó i dtaobh fostaíochta;
- » Cláraigh le gníomhaíochtaí fostaíochta;
- » Cláraigh le GP áitiúil;
- » Oscail cuntas bainc – beidh moill ann mura mbíonn cruthúnas faoi sheoladh oiriúnach agat, agus bí cinnte go mbíonn an ID ceart agat le bronnadh ar lucht an bhainc;
- » Déan teagmháil le daoine eile trí pháirt a ghlacadh in imeachtaí áitiúla mar chúrsaí spóirt, nó i gcompántas drámaíochta;
- » Cláraigh leis an bparóiste áitiúil agus iarr orthu tú a chur i dteagmháil le hÉireannaigh eile sa cheantar.

SONRAÍ TEAGMHÁLA

An tSéiplíneacht Éireannach sa Bhreatain

50–52 Camden Square, London NW1 9XB

Fón: +44 20 7482 5528

Suíomh Gréasáin: www.irishchaplaincy.org.uk

Ambasáid na hÉireann i Londain

17 Grosvenor Place, London SW1X 7HR

Fón: +44 20 7235 2171

Suíomh Gréasáin: www.embassyofireland.co.uk

Cónaidhm na gCumann Éireannach

Fón: +44 20 7697 4081

Suíomh Gréasáin: www.irishinbritain.org

Ionad na hÉireann i Londain

50–52 Camden Square, London NW1 9XB

Fón: +44 20 7916 2222

Suíomh Gréasáin: www.londonirishcentre.org

ICAP (Comhairliú agus Síciteiripe don Imirceach)

96 Moray Road, Finsbury Park, London N4 3LA

Fón: +44 20 7272 7906

Suíomh Gréasáin: www.icap.org.uk

Mind Yourself

6 Aztec Row, Berners Rd, London N1 0PW

Fón: +44 20 7354 5248

Suíomh Gréasáin: www.mind-yourself.co.uk

Console UK

Console House, St Vincent's Centre, Carlisle Place, Westminster, London SW1P 1NL

Fón: +44 20 76300824

Suíomh Gréasáin: www.consolecounselling.co.uk

Eisimirce chuig Stáit Aontaithe Mheiriceá

Cé go mbíonn dúil ag eisimircigh ó Éirinn dul chuig na Stáit Aontaithe, tá sé deacair maireachtáil agus bheith ag obair ann de bharr sriantachta víosa. Leanann na lárionaid thréadacha agus eisimirce de bheith ag lorg leasúchán cuimsitheach ar na dlíthe d'eisimircigh, agus iad ag súil leis go n-éascódh rudaí dá leithéidí bealach do na mílte Éireannach gan cháipéisí, saoránacht a bhaint amach dóibh féin.

VÍOSA

Is dúshlánach an rud é don deoraí víosa a fháil le dul isteach sna Stáit Aontaithe. Tá sé riachtanach go mbeadh víosa bhailí ag daoine agus nach rachaidís thar am an víosa sin. Má bhíonn daoine ag obair gan víosa oiriúnach, is féidir go ngabhfá iad, go ndéanfaí iad a choinneáil, iad a dhíbirt thar tír amach, agus bac á chur orthu teacht chun na tíre riamh arís.

VÍOSA NEAMH-INIMIRCEACH

Tugann víosa neamh-inimirceach cead do dhuine cuairt a thabhairt ar na Stáit Aontaithe, agus staidéar nó obair a dhéanamh sa tír, ar feadh thréimhse shealadach. Tugann an Clár Tarscaoilte Víosa cead do shaoránaigh Éireannacha taisteal chuig na Stáit Aontaithe gan víosa neamh-inimirceach bheith acu más rud é nach mbeidh siad ag fanacht ann ar feadh breis agus 90 lá, ar mhaithe le caitheamh aimsire, nó gnó nó saoire bheith acu ann.

Tá éagsúlacht víosaí neamh-inimirceach ar fáil, agus áirítear iad seo ina measc:

- » Mic Léinn (Víosa F-1): má bhíonn suim ag mic léinn freastal ar ollscoil nó ar institiúid léinn eile sna Stáit Aontaithe, bíonn gá ann go mbeadh víosa F-1 acu;
- » Clár Samhraidh Oibre agus Taistil (Víosa J): tugann an clár seo cead do mhic léinn na gcoláistí atá cláraithe ar chúrsaí staidéir lánaimseartha teacht chun na Stáit Aontaithe agus obair nó taisteal a dhéanamh iontu agus iad ar saoire an tsamhraidh.

- » Clár Taistil agus Oibre d'Intéirigh (Víosa J): tugann an clár seo cead do mhic léinn agus do chéimithe nua Éireannacha páirt a ghlacadh i gcláir d'intéirigh, agus taisteal sa tír ar feadh thréimhse nach mó ná bliain í;
- » Oibrí Sealadach (Víosa H): ní eisionn na Stáit Aontaithe víosaí oibre don bhreacfhostaíocht. Má theastaíonn ó dhaoine glacadh le poist shealadacha sna Stáit Aontaithe caithfidh siad víosa réamhshocráithe d'oibríthe sealadacha bheith acu.

VÍOSA DON INIMIRCEACH

Na daoine sin a theastaíonn uathu dul chun cónaithe go buan sna Stáit Aontaithe, caithfidh siad víosa d'eisimircigh a fháil. Caithfear cloí leis an riail seo fiú mura mbíonn sé ar intinn ag daoine dul ag obair ar chor ar bith. Ní bhronntar víosa d'eisimircigh ar dhaoine mura gcuireann fostóir nó garghaol leo iarratas isteach ar a son chun an víosa sin a fháil. Tá catagóirí éagsúla de víosaí ann:

- » Urraíocht ag Garghaol: baineann sé seo le duine atá pósta le saoránach na Stát Aontaithe; le duine neamhphósta faoi 21 bliana d'aois atá mar mhac nó mar iníon ag saoránach SAM; le dílleachta uchtaithe ón iasacht ag saoránach SAM; le dílleachta atá le huchtú sna Stáit Aontaithe ag saoránach SAM; agus le tuismitheoir saoránaigh ó SAM atá 21 bliain d'aois ar a laghad;
- » Urraíocht ag Ball Teaghlaigh: baineann an chatagóir le deartháireacha agus le deirfiúracha de shaoránaigh SAM; le mic nó le hiníonacha na saoránach SAM má táid féin fásta nó pósta; agus le fear céile nó bean chéile an té a chónaíonn go buan sna Stáit Aontaithe;
- » Urraíocht ag Fostóir Ionchasach: cuireann an fostóir ionchasach ó na Stáit tús leis an bpróiseas seo trí iarratas ar fhoirm I-140 víosa don eisimirceach a chomhdú ar son an oibrí.



CÓIRÍOCHT

Bíonn éagsúlacht mhór costais ann maidir le cóiríocht a fháil, ag brath ar an áit ina mbíonn duine sna Stáit Aontaithe. Bíonn lóistín sna cathracha móra ar nós Nua-Eabhrac, Chicago agus Bostún thar a bheith costasach. Is gnách go gcuirtear árasáin ar fáil ar cíós gan troscán, agus mar sin beidh airgead ó dhuine chun troscán a sholáthar. Bíonn cuid mhaith tiarnaí talún ag súil le cíós míosa agus éarlais a bheith acu mar réamhíocaíocht.

FOSTAÍOCHT

Má bhíonn poist á lorg ag daoine, is fiú dóibh teagmháil a dhéanamh le cairde nó le gaolta a bheadh acu sna Stáit Aontaithe. Is maith an rud é chomh maith, líonrú a dhéanamh leis an bpobal Éireannach áitiúil. Ba cheart achoimriú leathanaigh a ullmhú a bheadh in oiriúint ach go háirithe don mhargadh Meiriceánach. Bíodh sé soiléir neamhchasta, le go dtuigfeadh fostóirí Meiriceánacha go héasca é.

ÁRACHAS SLÁINTE

Bíonn cúrsaí leighis thar a bheith costasach i Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus tá sé riachtanach go mbeadh árachas sláinte oiriúnach leordhóthanach ag duine. Is maith an rud é post a fháil ina gcuirtear árachas sláinte ar fáil duit. Tabhair cuairt ar www.healthcare.gov chun eolas a fháil maidir leis na roghanna árachais atá ann.

SULA N-IMÍONN TÚ

- » Déan taighde roimh ré faoi na catagóirí éagsúla víosaí le ceann oiriúnach a lorg;
- » Bí i dteagmháil le hionad tacaíochta inimirceach Éireannach le go gcuirfí comhairle ort maidir le catagóirí víosaí agus na critéir cháilitheachta;
- » Beir go leor airgid leat le gur féidir leat cur fút go dtí go n-íoctar tú, agus airgead breise bheith agat más gá éarlaisí agus cíós a íoc;
- » Bíodh cúpla chomhartha aitheantais agat – pas, ceadúnas tiomána, teastas breithe;
- » Beir teistiméireachtaí ó iar-fhostóirí agus iarthiarnaí talún leat;
- » Déan socrú le go mbeadh árachas sláinte sealadach agat;
- » Cuir do litir mhínithe agus do CV in oiriúint do Mheiriceá agus bíodh cruthúnas agat maidir leis na cáilíochtaí atá agat.

NUAIR A THAGANN TÚ I DTÍR

- » Déan teagmháil le hionad comhairle Éireannach áitiúil d'éisimircigh, le cúnadh a fháil maidir le comhairle agus tacaíocht;
- » Déan teagmháil le hÉireannaigh eile trí pháirt a ghlacadh i gclubanna agus in eagrais áitiúla;
- » Bíodh árachas sláinte oiriúnach agat;
- » Oscail cuntas bainc – beidh cruthúnas faoi sheoladh oiriúnach uait, agus dhá chomhartha aitheantais, agus d'uimhir Slándála Sóisialaí chomh maith;
- » Cláraigh leis an bparóiste áitiúil agus iarr orthu tú a chur i dteagmháil le hÉireannaigh eile a bheadh sa cheantar.



SONRAÍ TEAGMHÁLA

Aspalacht Éireannach Stáit Aontaithe Mheiriceá

R-phost: administrator@usairish.org
Suíomh Gréasáin: www.usairish.org

Ambasáid na hÉireann i Washington

2234 Massachusetts Ave NW,
Washington DC 20008
Fón: +1 202 462 3939
Suíomh Gréasáin: www.embassyofireland.org

Ambasáid SAM i mBaile Átha Cliath

42 Elgin Road, Ballsbridge, Dublin 4
Fón: +353 1 668 8777
Suíomh Gréasáin: www.dublin.usembassy.gov

IONAID ÉIREANNACHA D'INIMIRCIGH

Ionad Tréadach Éireannach Bostúin

15 Rita Road, Dorchester, MA 02124
Fón: +1 617 265 5300
Suíomh Gréasáin: www.ipcboston.org

Tacaíocht Chicago don Inimirceach Éireannach

4626 N. Knox Avenue, Suite 301,
Chicago, IL 60630
Fón: +1 773 282 8445
Suíomh Gréasáin: www.ci-is.org

Ionad Tréadach na nInimirceach Éireannach i San Francisco

5340 Geary Blvd, Suite 206,
San Francisco, CA 94121
Fón: +1 415 752 6006
Suíomh Gréasáin: www.sfiipc.org

Ionad Pobail Éireannach Aisling, New York

990 McLean Avenue, Yonkers, NY 10704
Fón: +1 914 237 5121
Suíomh Gréasáin: www.aislingcenter.org

For-Rochtain San Diego

2725 Congress Street, Suite 2G,
San Diego, CA 92110
Fón: +1 619 291 1630
Suíomh Gréasáin: www.irishoutreachsd.org

Grúpa Tacaíochta Inimirce Seattle

Fón: +1 425 244 5147
Ríomhphost: SIISG@IrishClub.org
Suíomh Gréasáin: www.irishseattle.com

Seirbhís Inimirceach Éireannach Milwaukee

2133 W. Wisconsin Ave,
Milwaukee, WI 53233-1910
Fón: +1 414 345 8800
Suíomh Gréasáin: www.ichc.net

Ionad Inimirceach Idirnáisiúnta na hÉireann

100 Franklin Street, Suite LL-1,
Boston, MA 02110
Fón: +1 617 542 7654
Suíomh Gréasáin: www.iiicenter.org

Ionad Inimirceach Emerald Isle

59–26 Woodside Avenue, Woodside,
NY 11377
Fón: +1 718 478 5502
Suíomh Gréasáin: www.eiic.org

Ionad Éireannach Nua-Eabhrac

10–40 Jackson Avenue,
Long Island City, NY 11101
Fón: +1 718 482 0909
Suíomh Gréasáin: www.newyorkirishcenter.org

Ionad Inimirce Éireannach Philadelphia

7 South Cedar Lane, Upper Darby, PA 19082
Fón: +1 610 789 6355
Suíomh Gréasáin: www.icphila.org

Ionad For-Rochtana na Mac Léinn Éireannach

3314 Coastal Highway,
Ocean City, MD 21842
Fón: +1 410 520 0344

Eisimirce chun na hAstráile

Cé gur tháinig titim i líon na ndaoine a chuaigh ar imirce chun na hAstráile i rith na bliana seo caite, tá an-mheas ag eisimircigh na hÉireann ar dhul chun cónaithe ann.

VÍOSA

Caithfidh tú víosa a lorg sula dtéann tú chun na hAstráile. Is é an Víosa Shaoire Oibre an ceann is mó éilimh. Tugann an víosa seo cead do dhaoine óga 18 go 30 suas le dhá mhí dhéag a chaitheamh ag taisteal nó ag obair san Astráil. Is é an taisteal an príomh-imeacht a cheadaíonn an víosa seo, agus dá bharr sin níl cead bheith ag obair ar feadh thréimhse níos mó ná sé mhí le fostóir ar bith. Má bhíonn duine ag obair i láthair réigiúnach san Astráil ar feadh thrí mhí leis an gcéad Víosa Shaoire Oibre, is féidir síneadh bliana a fháil ar an víosa sin más maith leat.

Má bhíonn sé ar intinn agat cur isteach ar an dara Víosa Shaoire Oibre ba cheart duit do thréimhse thrí mhí a chaitheamh ag obair i láthair réigiúnach san Astráil chomh luath agus a thagann tú chun na tíre. Má bhíonn moill ann maidir leis an thréimhse seo a chaitheamh ag obair, seans nach mbeidh sé ar acmhainn agat a leithéid a dhéanamh in am agus i dtráth ina dhiaidh sin. Bí cinnte faoi do chuid árachas taistil bheith athnuaithe agat don dara bhliain san Astráil, más gá.

Bíonn an dara rogha ann Víosa Urraíochta Fostóra a lorg. Is víosa shealadach nó víosa bhuan an víosa seo. Tugann an víosa shealadach 457, cead d'fhostóirí oibrithe iasachta a fhostú le go líonfaí poist fhostaíochta oilte san Astráil. Maireann an víosa seo ar feadh thréimhse cheithre bliana.

Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh stádas dleathach ag daoine chomh fada agus a mhaireann siad san Astráil.

CÓIRÍOCHT

Bíonn éagsúlacht mhór costais ann maidir le cóiríocht a fháil, ag brath ar an áit ina mbíonn duine san Astráil. Bíonn lóistín sna cathracha móra ar nós Sydney,

Perth agus Melbourne thar a bheith costasach. Nuair a bhíonn léas á shíniú agat, seans go gcuirfear ceist ort cíos míosa, agus banna cíosa cheithre go sé seachtaine a íoc. Is gnách go gcuirtear árasáin ar fáil ar cíos gan troscán, agus mar sin beidh airgead ó dhuine chun troscán a chur ar fáil. Bíonn dhá litir thagartha á lorg go minic ag tiarnaí talún, litir ón tiarna talún is déanaí a bhí ag duine, ID le grianghraf air, litir le rá go bhfuil cuntas bainc Astrálach agat, agus cruthúnas fostaíochta. Ba cheart go mbeadh a leithéid de litreacha agus éarlais chúil ullamh ag daoine ionas gur féidir leo socrú a dhéanamh ar an toirt maidir le lóistín oiriúnach a d'aimseoidís.

FOSTAÍOCHT

Bí ag iarraidh fostaíochta ar líne sula bhfágann tú Éire, más féidir leat. Bíodh do CV (tugtar 'resumé' air san Astráil) suas chun dáta agat agus in oiriúint don mhargadh Astrálach. Nuair a thagann tú chun na tíre cuir isteach ar Uimhir Chomhaid Chánach (TFN) toisc go mbeidh a leithéid á lorg ag an bhfostóir. Téigh go dtí www.ato.gov.au chun eolas breise a lorg maidir leis an TFN a fháil.

ÁRACHAS SLÁINTE

Tá comhaontú comhalartach sláinte ag an Astráil le hÉirinn, rud a chiallaíonn gur féidir le saoránaigh Éireannacha a bhíonn ar chuairt chun na hAstráile an córas sláinte poiblí a úsáid más gá cóir leighis a lorg agus iad ar saoire. Ciallaíonn sé seo gur féidir le daoine cóir leighis a bheith acu má bhaineann eachtra dhrochshláinte nó gortaithe dóibh san Astráil ionas gur gá a leithéid a chur i bhfeidhm orthu sula bhfillleann siad ar an mbaile. Ní chlúdaítear anseo, na daoine sin atá san Astráil ar víosa na mac léinn.

Bíonn costais áirithe ann nach gclúdaíonn an comhaontú comhalartach sláinte iad, agus ba cheart duit d'árachas sláinte príobháideach féin bheith agat chomh maith. Tá tuilleadh eolais faoi chóras sláinte na hAstráile ar fáil ag: www.humanservices.gov.au

SULA N-IMÍONN TÚ

- » Má bhíonn gníomhaire imirce in úsáid agat, lorg duine atá cláraithe leis an Migration Agents Registration Authority (MARA);
- » Beir go leor airgid leat le gur féidir leat cur fút go dtí go n-íoctar tú, agus airgead breise bheith agat más gá éarlaisí agus cíos a íoc;
- » Bíodh cúpla chomhartha aitheantais agat – pas, ceadúnas tiomána, teastas breithe;
- » Beir teistiméireachtaí ó iar-fhostóirí agus iarthiarnaí talún leat;
- » Déan taighde faoin sórt fostaíochta atá ar fáil, agus bí ag lorg poist ar líne;
- » Déan socrú le go mbeadh árachas sláinte sealadach agat;
- » Má bhíonn páistí á thabhairt leat ar imirce, déan taighde faoi tháillí scoile, d'fhéadfadh na táillí seo bheith ard go leor;

- » Bíodh do CV suas chun dáta agus in oiriúint don Astráil agat, agus beir cruthúnas leat maidir leis na cáilíochtaí atá agat.

NUAIR A THAGANN TÚ I DTÍR

- » Cláraigh le gníomhaíochtaí fostaíochta;
- » Déan teagmháil le hÉireannaigh eile trí pháirt a ghlacadh i gclubanna agus in eagrais áitiúla;
- » Bíodh árachas sláinte oiriúnach agat;
- » Oscail cuntas bainc – beidh d'Uimhir Chomhaid Chánach (TFN) agus ID oiriúnach uait. De ghnáth, ní gá duit ach pas a bheith mar ID agat má osclaíonn tú cuntas bainc taobh istigh de shé seachtaine ón uair a tháinig tú i dtír.
- » Cláraigh leis an bparóiste áitiúil agus iarr orthu tú a chur i dteagmháil le hÉireannaigh eile sa cheantar.

SONRAÍ TEAGMHÁLA

Séiplíneacht Éireannach na hAstráile

Rev. Gerard Moran
Parish of St Patrick's, 2 Wellington Street,
Bondi, NSW 2026
Fón: +61 2 936 51195
R-phost: stpatbon@bigpond.net.au

Ambasáid na hÉireann i gCanberra

20 Arkana St, Yarralumla, ACT 2600, Australia
Fón: +61 2 6214 0000
Suíomh Gréasáin: www.embassyofireland.au.com

Consalacht Ghinearálta na hÉireann i Sydney

Level 26, 1 Market Street, Sydney NSW 2000
Fón: +61 2 92649635
Suíomh Gréasáin: www.irishconsulatesydney.net

Ambasáid na hAstráile in Éirinn

7ú Urlár, Fitzwilton House,
Wilton Terrace, Baile Átha Cliath 2
Fón: +353 1 664 5300
Suíomh Gréasáin: www.ireland.embassy.gov.au

Australian High Commission in London

(glacann siad le hiarratais víosa ó Éireannaigh)
Australia House, Strand,
London WC2B 4LA, UK
Fón: +44 207 379 4334
Suíomh Gréasáin: www.uk.embassy.gov.au

NASC ÉIRE – AN ASTRÁIL

Brisbane – Irish Australian Support

Association of Qld Inc.
5 Abingdon Street, Woolloongabba QLD 4102
Fón: +61 7 3391 1300
(Iar-Ama: +61 432 087 328)
Suíomh Gréasáin: www.iasaq.com.au

Sydney – Irish Australian Welfare Bureau and Resource Centre NSW Inc.

2 Wellington Street, Bondi NSW 2026,
P.O. Box 346, Bondi 2026
Fón: +61 2 9300 8019
Suíomh Gréasáin: www.iawb.org.au

Melbourne – Australian Irish Welfare Bureau

440 A High Street (Cnr Langwells Parade),
Northcote 3070
Fón: +61 3 9482 3865
(Iar-Ama: +61 407 317 539)
R-phost: aiwbmel@inet.net.au

Perth – The Claddagh Association Inc.

Fón: +61 8 9344 7204
(Iar-Ama: +61 403 972 265)
Suíomh Gréasáin: www.claddagh.org.au

Eisimirce chun na Nua-Shéalainne

Baineann aeráid chaoin agus costais réasúnta maireachtála leis an Nua-Shéalainn, agus mealltar go leor eisimirceach Éireannach anseo dá bharr.

VÍOSA

Tá rogha víosaí ar fáil a thabharfaidh cead duit dul ag maireachtáil agus ag obair sa Nua-Shéalainn. Leis an Víosa Shaoire Oibre atá ar fáil do shaoránaigh Éireannacha idir 18 agus 30 bliain d'aois is féidir dul ag taisteal nó ag obair sa Nua-Shéalainn ar feadh dhá mhí dhéag. Caithfidh daoine NZ\$4,200 ar a laghad bheith acu mar chostais maireachtála a fhad is a bhíonn siad sa tír.

Má bhíonn tairiscint oibre ó fhostóir ag duine, nó má bhíonn sé nó sí oilte maidir le poist atá gan líonadh sa tír, is féidir Víosa Oibre Sealadach a fháil. Tá rogha víosaí ar fáil do dhaoine atá ag iarraidh dul chun cónaithe go buan sa Nua-Shéalainn. Baineann an Chatagóir Imirce Oilte le daoine ar mhaith leo cónaí go buan sa tír, agus scileanna, taithí agus cáilíochtaí acu a bhaineann le poist atá gan líonadh sa Nua-Shéalainn. Má bhíonn cead cónaithe á lorg agat, agus na scileanna agat atá á lorg ag fostóirí na Nua-Shéalainne, is féidir cur isteach ar víosa faoin scéim "Oibrigh le Cónaí".

Má bhíonn breis eolais faoi víosaí á lorg agat, tabhair cuairt ar Shuíomh Gréasáin Inimirce na Nua-Shéalainne ag: www.immigration.govt.nz

CÓIRÍOCHT

Bíonn éagsúlacht mhór costais ann maidir le cóiríocht a fháil, ag brath ar an áit ina mbíonn daoine ag cur fúthu. Cuirfear ceist ort banna cíosa cheithre seachtaine a íoc. Is gnách go gcuirtear árasáin ar fáil ar cíos gan troscán, agus mar sin beidh airgead ó dhuine chun troscán a sholáthar dóibh féin.

FOSTAÍOCHT

Tá liostaí ag Inimirce na Nua-Shéalainne a bhaineann le Ganntanas Láithreach Scileanna agus le Ganntanas Fadtéarmach Scileanna agus léiríonn na liostaí seo na slite beatha a thabharfar tosaíocht dóibh maidir le víosaí a bhronnadh. Nuair a thagann tú i dtír sa Nua-Shéalainn ba cheart duit clárú le gníomhaíochtaí fostaíochta agus ba cheart duit post a lorg ar líne chomh maith. Caithfidh duine clárú leis an Ioncam Intíre agus uimhir IRD (Inland Revenue Department) a fháil uathu. Tabhair cuairt ar www.ird.govt.nz maidir le heolas a fháil faoi conas uimhir IRD a lorg.

ÁRACHAS SLÁINTE

Sa Nua-Shéalainn tá córas sláinte maoinithe go poiblí i bhfeidhm saor in aisce do shaoránaigh, do chónaitheoirí, agus d'oibrithe a bhfuil ceadúnas oibre acu, má bhíonn an ceadúnas sin acu le breis agus dhá bhliain. Caithfidh cuairteoirí chun na tíre íoc as pé seirbhísí leighis a chuirtear ar fáil dóibh ach amháin má tharlaíonn a leithéid de bharr timpiste. Tá breis eolais ar fáil ag an suíomh www.health.govt.nz

SULA N-IMÍONN TÚ

- » Beir go leor airgid leat le gur féidir leat cur fút go dtí go n-íoctar tú, agus airgead breise bheith agat más gá éarlaisí cíosa a íoc;
- » Bíodh cúpla chomhartha aitheantais agat – pas, ceadúnas tiomána, teastas breithe;
- » Beir teistiméireachtaí ó iar-fhostóirí agus ó iarthiarnaí talún leat;
- » Déan taighde faoin sórt fostaíochta atá ar fáil, agus bí ag lorg poist ar líne;
- » Déan socrú le go mbeadh árachas sláinte sealadach agat;
- » Bíodh do CV suas chun dáta agat agus in oiriúint don Nua-Shéalainn, agus beir cruthúnas leat maidir leis na cáilíochtaí atá agat.



NUAIR A THAGANN TÚ I DTÍR

- » Cláraigh le gníomhaíochtaí fostaíochta;
- » Déan teagmháil leis an bpobal Éireannach áitiúil trí pháirt a ghlacadh i gclubanna agus in eagrais áitiúla;
- » Bíodh árachas sláinte oiriúnach agat;
- » Oscail cuntas bainc – beidh ID oiriúnach le grianghraf uait, agus cruthúnas ar sheoladh baile. Tá bainc ann a cheadóidh duit cuntas a oscailt sula dtagann tú chun na Nua-Shéalainne ar chor ar bith;
- » Cláraigh leis an bparóiste áitiúil agus iarr orthu tú a chur i dteagmháil le hÉireannaigh eile sa cheantar.

SONRAÍ TEAGMHÁLA

New Zealand High Commission in London

New Zealand House, 80 Haymarket,
London SW1Y 4TQ

Fón: +44 20 7930 8422

Suíomh Gréasáin: www.nzembassy.com/uk

Honorary Consul General in Auckland

Fón: +64 9 977 2252

R-phost: consul@ireland.co.nz

Cumann Éireannach Auckland

Suíomh Gréasáin: www.aucklandirish.co.nz

Cumann Éireannach Wellington

Suíomh Gréasáin: www.wellingtonirishsociety.com

Cumann Éireannach Christchurch

Suíomh Gréasáin: www.christchurchirishsociety.co.nz



Eisimirce go Ceanada

Tá tóir ar imirce go Ceanada ag Éireannaigh faoi láthair agus cuóta de 10,700 rannpháirtithe Éireannacha i dTaithí Shaoil Ceanada 2014 (IEC).

VÍOSA

Téann lear mór daoine ó Éirinn ag taisteal nó ag obair i gCeanada faoin tionscnaíocht "Taithí Shaoil Ceanada (IEC)". Cuireann an tionscnaíocht seo ar chumas daoine idir 18 agus 35 bliana d'aois taisteal nó obair a dhéanamh i gCeanada ar feadh suas le dhá bhliain. Chun a bheith cáilithe don chlár oibre/taistil seo caithfidh árachas sláinte bheith agat don tréimhse chuairte iomlán agus C\$2,500 agat ag tús na cuairte le costais a chlúdach.

Má bhíonn taithí oibre oilte lánaimseartha bliana i gCeanada agat is féidir leat cur isteach ar víosa Aicme Oilte Ceanada (Canadian Experience Class). Faoin gclár Urraíochta Teaghlaigh (Family Sponsorship Program), is féidir le saoránaigh Ceanada agus iadsan atá ag cur fúthu go buan sa tír, urraíocht a dhéanamh ar ghaolta áirithe, maidir le víosaí a fháil dóibh.

Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh stádas dlíthiúil agat a fhad is a bhíonn tú i gCeanada. Má bhíonn sé ar intinn agat bheith i gCeanada go fadtéarmach, ba cheart duit cur isteach ar víosa i bhfad sula dtéann do víosa reatha as feidhm. Má bheirtear ort gan víosa bhailí bheith agat is baol go ndíbreofaí ón tír tú, agus go gcuirfí bac ort teacht chun na tíre riamh arís.

CÓIRÍOCHT

Bíonn éagsúlacht mhór costais ann maidir le cóiríocht a fháil, ag brath ar an áit ina mbíonn duine sna Stáit Aontaithe. Bíonn lóistín sna cathracha móra ar nós Toronto agus Vancouver thar a bheith costasach. Is gnách go gcuirtear árasáin ar fáil ar cíos gan troscán, agus mar sin beidh airgead ó dhuine chun troscán a chur ar fáil. Bíonn cuid mhaith tiarnaí talún ag súil le teistiméireachtaí agus le sonraí fostaíochta agus ioncain a fháil ón tionónta.

FOSTAÍOCHT

Cé go mealltar daoine i dtreo na gcathracha móra i gCeanada, is fiú bheith ag smaoineamh ar dheiseanna fostaíochta a lorg in áiteanna eile ar fud na tíre. Bíonn a gcuid cláir inimirce féin ag na cúigí dóibhsean a mbíonn sé ar intinn acu bheith iontu go fadtéarmach. Má dhéanann tú staidéar ar na cláir seo beidh tuairim láidir agat maidir leis na folúntais oibre a bhíonn ann sna cúigí éagsúla. Beidh ort resumé a ullmhú a bheadh oiriúnach don mhargadh i gCeanada.

ÁRACHAS SLÁINTE

Bíonn gach saoránach agus aon duine a chónaíonn go buan i gCeanada i dteideal árachas sláinte poiblí bheith acu. Bíonn a chóras féin ag gach aon chúige agus tarlaíonn sé uaireanta go gclúdaítear oibríthe sealadacha leis an gcóras cúraim sláinte. Má bhíonn eolas uait maidir leis an gcóras cúraim sláinte i gCeanada téigh chuig: www.hc-sc.gc.ca

SULA N-IMÍONN TÚ

- » Déan taighde roimh ré maidir leis na deiseanna fostaíochta atá ar fáil ar fud na tíre, agus ní hamháin sna cathracha móra;
- » Bíodh do CV suas chun dáta agat, agus in oiriúint do Ceanada agus bíodh cruthúnas agat maidir leis na cáilíochtaí atá agat.
- » Déan socrú le go mbeadh árachas sláinte sealadach agat;
- » Beir go leor airgid leat le gur féidir leat cur fút go dtí go n-íoctar tú, agus airgead breise bheith agat más gá éarlaisí agus cíos a íoc;
- » Bíodh cúpla chomhartha aitheantais agat – pas, ceadúnas tiomána, teastas breithe;
- » Beir teistiméireachtaí ó iar-fhostóirí agus ó iarthiarnaí talún leat;
- » Féach ar www.moving2canada.com áit ina bhfaighidh tú comhairle maidir le víosaí, cóiríocht agus fostaíocht a lorg, conas cuntas bainc a oscailt agus uimhir Árachais Sóisialta a fháil.



NUAIR A THAGANN TÚ I DTÍR

- » Déan teagmháil le hÉireannaigh eile trí pháirt a ghlacadh i gclubanna agus in eagrais áitiúla;
- » Déan teagmháil le hionad Inimirce Éire/ Ceanada (Irish Canadian Immigration Centre) le cúnamh agus tacaíocht a fháil;
- » Déan taighde faoin rogha árachais sláinte atá ann, agus ceannaigh árachas sláinte príobháideach duit féin más gá;
- » Cuir isteach ar uimhir Árachais Sóisialta (Social Insurance);
- » Oscail cuntas bainc – beidh comhartha aitheantais uait agus cruthúnas faoi sheoladh oiriúnach uait, agus d'uimhir Slándála Sóisialaí chomh maith;
- » Cláraigh leis an bparóiste áitiúil agus iarr orthu tú a chur i dteagmháil le hÉireannaigh eile sa cheantar.

SONRAÍ TEAGMHÁLA

Ambasáid na hÉireann in Ottawa

Embassy of Ireland, Suite 1105 (11th Floor),
130 Albert St, Ottawa, Ontario, K1P 5G4

Fón: +1 613 233 6281

Suíomh Gréasáin: www.embassyofireland.ca

Ionad Inimirce Éire/Ceanada

Fón: + 1 416 603 9549

Suíomh Gréasáin: www.irishcdn.org

Ambasáid Ceanada in Éirinn

7–8 Wilton Terrace, Dublin 2

Fón: +353 1 234 4000

Suíomh Gréasáin: www.ireland.gc.ca

Canadian High Commission in London

(tugann aire do sheirbhísí víosa d'Éireannaigh)

Macdonald House, 1 Grosvenor Square,
London W1K 4AB

Fón: +44 207 258 6600

Suíomh Gréasáin: www.unitedkingdom.gc.ca



Eisimirce chuig Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha (UAE)

Baineann caighdeán ard maireachtála leis an saol san UAE agus bíonn deiseanna ann ioncam saor ó cháin a thuilleamh, agus bíonn suim dá bharr ag cuid mhaith eisimirceach Éireannach dul ann.

VÍOSA

Na daoine sin a bhfuil pasanna Éireannacha acu, bronnfar víosa "Cuairte" orthu nuair a thagann siad i dtír san UAE. Bíonn an víosa seo bailí ar feadh 30 lá, agus is féidir athnuachan shingil a dhéanamh uirthi má íoctar táille. Mar chuairteoir, caithfidh ticéad taistil fillte bailí bheith ag duine, agus pas a bheadh bailí go ceann sé mhí ar a laghad ón dáta iontrála.

Caithfidh fostóir urraíocht a dhéanamh ort má theastaíonn uait dul ag obair san UAE agus lorgóidh an fostóir seo ceadúnas oibre agus ceadúnas cónaithe duit. Leanfaidh an ceadúnas oibre i bhfeidhm de réir na tréimhse oibre a bheidh romhat. Molann an Roinn Gnóthaí Eachtracha anseo do dhaoine go ndéanfaí na doiciméid Éireannacha cuí a fhianú ag an rannóg chonsalachta den Roinn Gnóthaí Eachtracha anseo má bhíonn sé ar intinn agat dul chun cónaithe san UAE.

CÓIRÍOCHT AGUS FOSTAÍOCHT

Caithfidh daoine a thuiscint go bhfuil sé in aghaidh an dlí san UAE bheith ag maireachtáil le, nó ag roinnt seomra óstáin le duine den ghnéas eile nach bhfuil pósta leat, nó mura mbíonn gaol gairid eadraibh. Is í teanga an Bhéarla an teanga gnó, agus mar sin níl bac ar dhaoine fostaíocht a fháil ó thaobh na teanga de. Faoi mar a tharlaíonn sna tíortha Moslamacha ar fad, is é an Aoine an lá saoire, agus dá bhrí sin leanann an tseachtain oibre ó Dhomhnach go Déardaoin.

ÁRACHAS SLÁINTE

Ní chuirtear cúram sláinte saor in aisce ar fáil d'eachtrannaigh, agus mar sin beidh ort árachas taistil a bheith agat a chlúdóidh gach costas leighis. Más féidir leat, ba cheart duit fostaíocht a mbíonn árachas sláinte istigh leis a fháil. Tá roinnt ábhar leighis a cheannaítear thar an gcuntar, nó drugaí ar oideas a fhaightear in Éirinn, agus is substaintí rialaithe iad san UAE. Beidh ort cead a fháil roimh ré ó Aireacht Sláinte an UAE chun a leithéidí a thabhairt isteach sa tír. Is féidir liosta de na drugaí teoranta agus rialaithe seo a fheiceáil ag: www.uaeinteract.com/travel/drug.asp

Moltar go rachadh cuairteoirí i dteagmháil leis an rannóg rialaithe drugaí den Aireacht Sláinte san UAE má theastaíonn a fhios a bheith acu an mbaineann cógas ar bith atá á ghlacadh acu leis an liosta ábhar rialaithe seo.

NÓSANNA AGUS DLÍTHE ÁITIÚLA

Tá sé thar a bheith tábhachtach go leanfaí na nósanna agus na dlíthe áitiúla i gcónaí nuair a bhíonn tú san UAE. Ní dóigh leis an bpobal gur ceart comharthaí ceana mar dhaoine a phógadh nó greim láimhe a bhreith ar a chéile a léiriú go poiblí, gur comharthaí drochmheasa iad, agus d'fhéadfadh na póilíní daoine a dhéanann a leithéid a ghabháil, nó rabhadh reachtúil a bhronnadh orthu. Tá neamhfhulaingt iomlán i bhfeidhm i gcás tiomána ar meisce, agus cé go gcuirtear deochanna alcólacha ar fáil i gclubanna agus i dtithe ósta, is cion inphionóis é bheith ag ól alcól, nó bheith ar meisce go poiblí. Cuirtear pionóis thromchúiseacha i bhfeidhm má bheirtear ar dhaoine le drugaí ina seilbh acu, agus deirtear chomh maith, go mbíonn drugaí ina sheilbh ag an té a ghlac a leithéidí, má bhíonn siad le sonrú sa chorp. Is coireanna tromchúiseacha chomh maith iad an chalaouis, (agus airítear seic obtha anseo), agus gan billí a íoc, agus leanann fíneáil nó téarma príosúin a leithéidí.

SONRAÍ TEAGMHÁLA

Ambasáid na hÉireann in Abu Dhabi

1&2 Khalifa Al Suwaidi Development,
19th Street (off 32nd Street), Al Bateen,
Abu Dhabi, United Arab Emirates

Fón: +971 2 4958200

Suíomh Gréasáin: www.embassyofireland.ae

Cumann Éireannach Abu Dhabi

Suíomh Gréasáin: www.irishsocietyabudhabi.com

Ambasáid an UAE in Éirinn

45–47 Bóthar Pembroke, Baile Átha Cliath 4

Fón: +353 1 660 0000

Suíomh Gréasáin: www.uae-embassy.ae/ie

Líonra Gnó Éireannach Dubai

Suíomh Gréasáin: www.irishbusinessnetwork.me

Eisimirce chun na hEorpa

Bíonn sé de chead ag saoránaigh Éireannacha bheith ag maireachtáil nó ag obair sa chuid ba mhó de thíortha an AE gan víosa ar bith bheith acu. Is iad na tíortha seo ná: an Ostair, Lucsamburg, an Bheilg, an Ghearmáin, an Fhrainc, an tSualainn, an Spáinn, an Ghréig, an Phortaingéil, an Iodáil, an Fhionlainn, an Danmhairg, Ríocht na hÍsiltíre, an Ríocht Aontaithe, Poblacht na Seice, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Pholainn, an Ungáir, an Chipir agus Málta. Is féidir le saoránaigh an Aontais Eorpaigh bheith ag obair sna

tíortha seo chomh maith: Lichtinstéin, an Eilvéis, an Íoslainn agus an Iorua.

Leis an gCárta Eorpach um Árachas Sláinte (EHIC) is féidir le saoránach ar bith ón AE seirbhísí cúraim sláinte a bheith acu in aon bhallstáit. Déantar iarratais ar chartaí EHIC a phróiseáil in Oifigí Shláinte áitiúla in Éirinn. Is féidir foirmeacha a íoslódáil ag: www.citizensinformation.ie

SONRAÍ TEAGMHÁLA

Uimhreacha fóin Ambasáidí na hÉireann ar fud na hEorpa

Poblacht na Seice (Prague) . . .	+420257530061	An Ghréig (Athens)	+302107232771
An Pholainn (Warsaw)	+48228496633	An Spáinn (Madrid)	+34914364093
An tSlóvaic (Bratislava)	+421259309611	An Phortaingéil (Lisbon)	+351213308200
An Bhulgáir (Sofia)	+35929853425	An Iodáil (An Róimh)	+39065852381
An Rómáin (Bucharest)	+40213102131	Málta	+35621334744
An Danmhairg (Copenhagen) . . .	+4535473200	An tSlóivéin	+38613008970
An Eastóin	+3726811888	An Bheilg	+3222823400
An Fhionlainn (Helsinki)	+35896824240	Lucsamburg	+3524506101
An Ungáir	+3613014960	Ríocht na hÍsiltíre (An Háig) . .	+31703630993
An Laitvia (Riga)	+37167039370	An Fhrainc (Páras)	+33144176700
An Liotuáin (Vilnius)	+37052629460	An Ghearmáin (Berlin)	+4930220720
An tSualainn (Stockholm)	+46854504040	An Ostair (Vienna)	+4317154246
An Chipir (Nicosia)	+35722818183		

Eisimirce ó Thuaisceart Éireann

Tá eolas breise ar fáil anseo do dhaoine a théann ar eisimirce ó Thuaisceart Éireann, agus a bhfuil pasanna na Breataine acu.

EISIMIRCE CHUIG NA STÁIT AONTAITHE

Tugann an Scéim um Tharscaoileadh Víosa cead do shaoránach na Breataine taisteal chuig na Stáit Aontaithe gan víosa neamh-inimirceach bheith ag duine, má bhíonn tú ag taisteal, ar chaitheamh aimsire nó faoi bhealach, agus nach mbíonn tú chun fanacht ann ach ar feadh 90 lá nó níos lú.

Tá meascán víosaf neamh-inimirceach ar fáil do shaoránaigh na Breataine, agus áirítear ina measc:

- » Cuairteoir Malairte (Víosa J-1): má theastaíonn ó dhaoine obair, nó taighde, nó traenáil réamhshocraithe a dhéanamh i SAM, faoi chlár atá faofa go hoifigiúil, caithfidh siad víosa J-1 a bheith acu. Tá cláir mhalairte chuairteoirí éagsúla ar fáil ann, cinn a chuireann obair shamhraidh ar fáil, cláir d'intéirínigh ollscoile, agus cláir au-pair;
- » »» Mic Léinn (Víosa F-1): má bhíonn suim ag mic léinn freastal ar ollscoil nó ar institiúid léinn eile sna Stáit Aontaithe, bíonn gá ann go mbeadh víosa F-1 acu;
- » »» Oibrí Sealadach (Víosa H): ní eisióin na Stáit Aontaithe víosaf oibre don bhreacfhostaíocht, agus go hiondúil, braitheann an víosa oibre ar thaircint cinnte oibre bheith ag duine.

Má bhíonn suim agat dul chun cónaithe go buan i SAM beidh ort víosa inimirce bheith agat. Ón chéad lá de mhí Feabhra 2013 caithfidh na daoine sin a fhagheann víosa inimirce ag Ambasáid na Stáit Aontaithe i Londain táille inimirce de \$165 a íoc sula dtaistealaíonn siad chuig SAM. Tá catagóirí éagsúla víosaf inimirce ann:

- » Víosa do Gharghaolta: baineann sé le fear céile nó le bean chéile shaoránach SAM, le leatuismitheoir, agus le páiste nó le garpháiste acu faoi aois 21 dóibh, agus le fear céile nó bean chéile le saoránach SAM nach maireann;

- » Víosa Theaghlaigh: baineann sé le deartháireacha agus le deirfiúracha le saoránaigh SAM, le mic agus le hiníonacha leo atá fásta nó pósta; agus le fear céile nó bean chéile de dhuine a chónaíonn go buan i SAM.
- » Víosa Bunaithe ar Fhostaíocht: tá cúig chatagóir anseo - (1) oibrithe tosaíochta; (2) daoine le stádas gairmiúil, nó daoine a mbíonn cumas thar an ngnáth acu maidir le cúrsaí gnó, na healaíona agus cúrsaí eolaíochta; (3) daoine profisiúnta; (4) inimircigh ar leith, agus oibrithe reiligiúnacha ina measc; agus (5) infheisteoirí.

SONRAÍ TEAGMHÁLA

Consalacht Ghinearálta SAM i mBéal Feirste

Danesfort House, 223 Stranmillis Road,
Belfast, BT9 5GR
Fón (ón Ríocht Aontaithe): 09042 450 100
Suíomh Gréasáin:
<http://belfast.usconsulate.gov/index.html>

Ambasáid SAM i Londain

24 Grosvenor Square, London W1A 2LQ
Fón: +44 20 7499 9000
Suíomh Gréasáin:
<http://london.usembassy.gov/ukadres.html>

Ambasáid na Breataine i Washington

3100 Massachusetts Ave NW, Washington DC 20008
Fón: +1 202 588 6500
Suíomh Gréasáin: <http://ukinusa.fco.gov.uk/en/>

Consalacht Ghinearálta na Breataine i mBastún

One Broadway, Cambridge, MA 02142
Fón: +1 617 245 4500

Consalacht Ghinearálta na Breataine i Nua-Eabhrac

845 Third Avenue, New York, NY 10022
Fón: + 1 212 745 0200

Consalacht Ghinearálta na Breataine i Chicago

625 N. Michigan Avenue, Suite 2200,
Chicago IL 60611
Fón: +1 312 970 3800

EISIMIRCE CHUN NA HASTRÁILE

Tugann an Viosa Shaoire Oibre cead do shaoránaigh na Breataine atá idir 18 agus 30 bliain d'aois suas le dhá mhí dhéag a chaitheamh ag taisteal nó ag obair san Astráil. Is é an taisteal an príomh-imeacht a cheadaíonn an víosa seo, agus dá bharr sin níl cead bheith ag obair ar feadh thréimhse níos mó ná sé mhí le fostóir ar bith. Má bhíonn duine ag obair i láthair réigiúnach san Astráil ar feadh thrí mhí leis an gcéad Viosa Shaoire Oibre, is féidir síneadh bliana a fháil ar an víosa sin más maith leat.

Bíonn an dara rogha ann Viosa Urraíochta Fostóra a lorg. Is víosa shealadach nó víosa bhuan an víosa seo. Tugann an víosa shealadach 457, cead d'fhostóirí oibríthe iasachta a fhostú le go líonfaí poist fhostaíochta oilte san Astráil. Maireann an víosa seo ar feadh thréimhse cheithre bliana.

Tá comhaontú comhalartach sláinte ag an Astráil leis an Ríocht Aontaithe, rud a chiallaíonn gur féidir le daoine a chónaíonn sa Bhreatain a bhíonn ar chuairt chun na hAstráile an córas sláinte poiblí a úsáid más gá cóir leighis a lorg de bharr gortaithe nó drochshláinte: (1) cóir leighis saor in aisce bheith ag duine mar othar cónaitheach poiblí nó mar othar seachtrach poiblí, in ospidéal poiblí; (2) leigheas fóirdheontais faoin scéim sochair chógaseolaíochta (PBS) agus (3) cóir leighis fóirdheonaithe a chuirfeadh dochtúir ar fáil taobh amuigh den ospidéal (Medicare). Má bhíonn daoine ar víosa mac léinn san Astráil, clúdaítear faoi chóras Medicare iad.

EISIMIRCE CHUN NA NUA-SHÉALAINNE

Tá an Viosa Shaoire Oibre ar fáil do shaoránaigh Bhreatnacha idir 18 agus 30 bliain d'aois agus is féidir cur isteach ar víosa a thabharfaidh cead duit dul ag taisteal nó ag obair sa Nua-Shéalainn ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag, nó tréimhse trí mhí agus scór. Chun an víosa seo a bheith agat caithfidh tú bheith i do chónaí go buan sa Ríocht Aontaithe, pas na Breataine bheith agat a bheadh bailí ar feadh trí mhí i ndiaidh an dáta imeachta ón Nua-Shéalainn atá beartaithe agat, agus riachtanais áirithe sláinte agus clú a chomhlíonadh.

Má bhíonn tairiscint oibre ó fhostóir ag duine, nó má bhíonn sé nó sí, oilte maidir le poist atá gan líonadh sa tír, is féidir Viosa Oibre Sealadach a fháil. Tá rogha víosaí ar fáil do dhaoine atá ag iarraidh dul chun cónaithe go buan sa Nua-Shéalainn. Baineann an Chatagóir Imirce Oilte le daoine ar mhaith leo cónaí go buan sa tír, agus scileanna, taithí agus cáilíochtaí acu a bhaineann le poist atá gan líonadh sa Nua-Shéalainn. Má bhíonn cead cónaithe á lorg agat, agus na

SONRAÍ TEAGMHÁLA

Australian High Commission in London

Australia House, Strand, London WC2B 4LA
Fón: +44 207 379 4334
Suíomh Gréasáin: www.uk.embassy.gov.au

British High Commission in Canberra

Commonwealth Avenue, Yarralumla, ACT 2600
Fón: +61 2 6270 6666
Suíomh Gréasáin: www.ukinaustralia.fco.gov.uk/en/

British Consulate General in Sydney

Level 16, Gateway Building, 1 Macquarie Place, Sydney, NSW 2000
Fón: +61 2 9247 7521

British Consulate in Perth

Level 12, 251 Adelaide Terrace, Perth
Fón: +61 8 9224 4700

British Consulate General in Melbourne

17th Floor, 90 Collins Street, Melbourne, Victoria
Fón: +61 3 9652 1600

British Consulate in Brisbane

Level 9, 100 Eagle Street, Brisbane QLD 4000
Fón: +61 7 3223 3200

scileanna agat atá á lorg ag fostóirí na Nua-Shéalainne, is féidir cur isteach ar víosa faoin scéim "Obair le Cónaí".

SONRAÍ TEAGMHÁLA

New Zealand High Commission in London

New Zealand House, 80 Haymarket, London SW1Y 4TQ
Fón: +44 20 7930 8422
Suíomh Gréasáin: <http://www.nzembassy.com/uk>

British High Commission in Wellington

44 Hill Street, Wellington 6011
Fón: +64 4 924 2888 (Ní le haghaidh fiosrúcháin faoi phas nó faoi víosa an uimhir seo)
Suíomh Gréasáin: www.ukinnewzealand.fco.gov.uk/en/

British Consulate General in Auckland

Level 17, 151 Queen Street, Auckland 1010
Fón: +64 9 303 2973

EISIMIRCE CHUIG AONTAS NA NÉIMÍRÍOCHTAÍ ARABACHA

Na daoine sin a bhfuil pas na Breataine acu, bronnfar víosa “Cuairte” orthu nuair a thagann siad i dtír san UAE. Bíonn an víosa seo bailí ar feadh 30 lá, agus is féidir í a athnuachan má íoctar táille. Mar chuairoteoir, caithfidh ticéad taistil fillte bailí bheith ag duine, agus pas a bheadh bailí go ceann sé mhí ar a laghad ón dáta iontrála. Na daoine sin a mbíonn pasanna acu a bhaineann le saoránacht na Breataine thar lear, (British Overseas Citizens Passports), nach bhfuil cead cónaithe acu sa Ríocht Aontaithe, caithfidh siad víosa a bheith acu le teacht i dtír san UAE. Caithfidh fostóir urraíocht a dhéanamh ort má theastaíonn uait dul ag obair san UAE agus lorgóidh an fostóir seo ceadúnas oibre agus ceadúnas cónaithe duit.

EISIMIRCE GO CEANADA

Bíonn saoránaigh na Breataine atá idir 18 agus 30 bliain d’aois cáilithe faoin tionscnaíocht “Taithí Idirnáisiúnta Shaoil Cheanada (IEC)”. Cuireann an tionscnaíocht seo ar chumas daoine, taisteal nó obair a dhéanamh i gCeanada ar feadh suas le dhá mhí dhéag. Caithfidh árachas sláinte bheith ag daoine don tréimhse chuairte iomlán agus C\$2,500 acu ag tús na cuairte le costais a chlúdach. Má bhíonn taithí oibre oilte lánaimseartha bliana i gCeanada agat is féidir leat cur isteach ar víosa Aicme Oilte Cheanada (Canadian Experience Class). Faoin gclár Urraíochta Teaghlaigh (Family Sponsorship Program), is féidir le saoránaigh Cheanada agus iadsan atá ag cur fúthu go buan sa tír, urraíocht a dhéanamh ar ghaolta áirithe, maidir le víosaí a fháil dóibh.

SONRAÍ TEAGMHÁLA

Embassy of the United Arab Emirates in London

30 Prince’s Gate, London SW7 1PT

Fón: +44 20 7581 1281

Suíomh Gréasáin: www.uae-embassy.ae/uk

British Embassy in Abu Dhabi

22 Khalid bin Al Waleed Street,

PO Box 248, Abu Dhabi

Fón: +971 2 610 1100

Suíomh Gréasáin: www.ukinuae.fco.gov.uk/en/about-us/ourembassy/our-embassy-abu-dhabi/

British Embassy in Dubai

Al Seef Street, PO Box 65, Dubai

Fón: +971 4 309 4444

Suíomh Gréasáin: www.ukinuae.fco.gov.uk/en/about-us/ourembassy/our-embassy-dubai

SONRAÍ TEAGMHÁLA

Canadian High Commission in London

Macdonald House, 1 Grosvenor Square,
London W1K 4AB

Fón: +44 207 258 6600

Suíomh Gréasáin: www.unitedkingdom.gc.ca

British High Commission in Canada

80 Elgin Street, Ottawa ON K1P 5K7

Fón: +1 613 237 1530

Suíomh Gréasáin: www.ukincanada.fco.gov.uk/en/

British Consulate General in Vancouver

1111 Melville Street, Suite 800, Vancouver, British
Columbia V6E 4H7

Fón: +1 604 683 4421

British Consulate General in Toronto

777 Bay Street, Suite 2800, Toronto,
Ontario M5G 2C8

Fón: +1 416 593 1290

British Consulate General in Montreal

2000 McGill College Avenue, Suite 1940,
Montreal, Quebec H3A 3H3

Fón: +1 514 866 5863

British Consulate General in Calgary

3000-150 6 Ave SW, Calgary, Alberta T2P 3Y7

Fón: +1 403 705 1755

Bí Aireach

Beidh toradh deimhneach ar an gcónaí seo thar lear do chuid mhaith daoine ach tá seans ann go mbeidh deacrachtaí ag daoine eile déileáil le huaigneas agus le braistintí scoiteachta, agus iad ag iarraidh saol úr a chruthú dóibh féin i bhfad ó bhaile. Tuairiscíonn an t-eagras deonach Éireannach 'Console' mar shampla, gur cuireadh 600 glao ar líne chabhrach na Breataine i rith mhí na Nollag 2013 amháin, agus gur glaonna maidir le daoine bhí réidh chun lámh a chur ina mbás féin go luath ab ea iad.

Is ríthábhachtach an rud é go dtuigfeadh eisimircigh go bhfuil gá nach beag le bheith ag tabhairt aire don tsláinte intinne, agus gur ceart cabhair a lorg má bhíonn deacrachtaí acu.

Deir Eileen O'Callaghan, comhordaitheoir sinsearach cláir ag Ionad Tréadach Éireannach Bostúin go bhfágann lear mór daoine an baile le dul go tír úr le poist a fháil, ag ceapadh go mbeidh cúrsaí níos fearr dóibh dá bharr, agus go n-imeoidh aon fhadhb a bheadh acu láithreach. Is baolach nach amhlaidh do chách.

Uaireanta tarlaíonn do dhaoine a bhfuil fadhbanna inmheánacha acu, iad ag déileáil leis an dúlagar nó le tinneas intinne eile, go méadaítear ar na fadhbanna orthu nuair a imíonn siad ón ngnáth-thacaíocht sóisialta a bheadh ann dóibh sa bhaile. Má éiríonn duine as bheith ag baint úsáide as alcól nó as drugaí, ní hé sin le rá go mbeidh cúrsaí eile níos fearr dóibh ar an toirt. Ní mar seo a bhíonn i gcónaí. Buaileann sí le heisimircigh nuathagtha go leor a léiríonn fadhbanna mar seo.

Bíonn eisimircigh fhadtéarmacha eile ann nach mbíonn cáipéisí oifigiúla acu, agus cuirtear baic orthu dá bharr ó thaobh cúnaimh nó tacaíocht a lorg. Bheadh leisce orthu dul chuig soláthróirí cúram sláinte, mar shampla, bheadh eagla orthu, bhuaileadh taomanna scaoil iad.

Déantar iarracht díospóireacht a spreagadh i measc an phobail Éireannaigh i mBastún maidir le labhairt amach faoin ábhar seo, agus bunaíodh 'Dóchas' dá bharr.

Is comhoibriú pobal i measc Ionad Tréadach Éireannach Bostúin, Ionad d'Eisimircigh Éireannacha Bostúin, Cumann Lúthchleas Gael, eagrais phobail eile agus daoine comhbhácha aonair eile é. Is é an cuspóir atá rompu ná grúpa comhoibritheach a bhunú a thabharfadh aghaidh ar cheisteanna mar fhéinmharú agus sláinte intinne, i measc phobal Éireannach Bastúin.

Táthar ag an bpointe tosaigh leis seo, agus cruinnithe pobail á eagrú acu a thabharfadh aghaidh ar na fadhbanna seo. Léiríonn na staitisticí ó Éirinn go bhfuil an cheathrú ráta féinmharaithe is mó san Eoraip i measc na bhfear óg ann, go mbuailfidh galar intinne an cheathrú chuid de mhuintir na tíre, agus go mbeidh trian de na daoine a thugann cuairt ar DG ag fulaingt ón dúlagar, ó fadhbanna intinne nó ón neamhord meabhrach. Is ábhar machnaimh láidir iad na figiúirí seo.

Tá daoine óga ag fágáil na hÉireann agus na fadhbanna céanna ag goilleadh orthu i SAM. Bheartaigh Dóchas go raibh géarghá ann díospóireacht a spreagadh i measc an phobail, le déileáil leis an míchlú a bhaineann le cúrsaí sláinte intinne, ionas nach mbeadh leisce ar dhaoine cabhair a lorg dá bharr. Caithfeadh feachtas a spreagadh maidir leis na cúrsaí seo.



Tá eagrais chabhracha ann a thugann tacaíocht shóisialta don phobal Éireannach, agus is é an CLG ceann acu. Bíonn go leor daoine óga ann, fir agus mná a bhaineann leas mór saoil as bheith páirteach i gCLG, agus é i ngan fhios dóibh uaireanta. Iarrann Dóchas ar lucht na n-ospidéal agus ar na soláthróirí cúram sláinte bheith ag faire amach do dhaoine Éireannacha le fadhbanna, agus sonraí teagmhála a chur ar fáil dóibh. Tá daoine comhbhácha áitiúla i measc an phobail agus tugtar eolas dóibh maidir le bheith compordach faoi ábhair a phlé le daoine eile, agus cuireann na daoine seo leis an líonra cúraim.

Bíonn trí chuid tábhachtacha i gceist maidir leis an tsláinte intinne. Is é an chéad ábhar ná bainistíocht a dhéanamh ar strus. Bíonn strus ar chách, ach conas a thugann duine aghaidh air? An cuma le daoine bheith ag comhrá le daoine eile faoi, nó an bhfuil bealach sóisialta acu le strus a chur díobh? Cad a tharlaíonn do dhaoine a bhogann ó bhaile agus a chailleann an tacaíocht shóisialta a bhíonn acu? An mbeadh cairde acu go fóill a thabharfadh cluas le héisteacht dóibh, nó cupán caife a chaitheamh leo? Is minic nach mbíonn a leithéidí ann i dtír nua, i dtosach báire ar aon nós. Ba cheart d'eisimircigh smaoineamh ar chúrsaí mar seo, coinne Skype a dhéanamh le duine sa bhaile agus cloí leis, dul chuig an gclub CLG áitiúil nuair a thagann duine i dtír i Sydney nó i SAM mar shampla.

Is é an dara hábhar ná cothromaíocht oibre is saoil bheith ann, saol sábháilte a chaitheamh, go leor codladh bheith ag duine, ithe go sláintiúil, aclaíocht a dhéanamh agus gan dul thar fóir le rud ar bith. Is minic go mbíonn tionchar mór ag drugaí agus ag alcól ar fhir óga agus iad i dtír nua. D'fhéadfadh go mbeadh brú ar dhuine óg a fhaigheann post úr i dtír nua bheith ag ól i ndiaidh oibre dó nó di, le bheith sóisialta faoi. Má bhíonn duine ar aon bhealach in ísle brí, cuirfidh drugaí nó alcól leis an mothúchán seo, agus bhraitheadh duine go mbeadh cúrsaí i bhfad níos measa dá bharr an lá dár gcionn.

Is é an rud eile gur cheart aird a bheith ag daoine air ná aigne cheart bheith iontu, scaoileadh le mionrudaí, bheith caoin ina dtaobh féin. Má bhíonn an saol dúshlánach don chéad chúpla mí, ba cheart do dhaoine glacadh leis go bhfuil deacrachtaí ann, agus iad ag súil le go dtiocfadh feabhas ar chúrsaí go luath.

Molann Eileen O'Callaghan do dhuine ar bith a bhíonn thíos leis, an lámh chúnta a lorg. Ní gá gur duine ó na seirbhísí cúram sláinte a bheadh ann. D'fhéadfadh cara, nó an séiplíneach áitiúil, nó bainisteoir CLG na foirne áitiúla cabhrú. Ba cheart labhairt le duine eile. Ní rud maith é an ciúnas ó thaobh sláinte intinne agus ó thaobh féinmharú de. Braitear go mbíonn fadhb nach labhraítear faoi, níos mó ná mar a bhíonn go fíor, ach má dhéanann duine iarracht briseadh tríd an gciúnas seo, cabhraíonn sé go mór leis an duine sin.

Is féidir le daoine atá ag streachailt leo cabhair a lorg ón DG áitiúil nó ón ionad d'Éireannaigh. Ná bíodh leisce ar dhaoine siúl isteach chuig an ionad sláinte áitiúil agus a rá leo go bhfuil deacrachtaí acu. Má theipeann ar gach cúrsa eile, is féidir glao a chur ar 911 – ní gá do dhaoine ach an fón a ardú má bhíonn géarchéim phearsanta ag goilleadh orthu.



Tá cuid mhaith acmhainní ar fáil do dhaoine. Uaireanta is deacair an rud é cur chun cainte, ach tá taithí ag na hionaid thréadacha ar fad maidir le bheith ag comhrá le go leor duine Éireannach faoi na cúrsaí seo, cuireann siad daoine ar a suaimhneas faoi, agus déanfar socrú ó thaobh seirbhísí oiriúnacha a chur ar fáil.

Bíonn leisce ar dhaoine áirithe atá as baile a admháil lena muintir in Éirinn nach mbíonn an sonas a raibh súil acu leis orthu, baineann ionchais arda le bheith ag bogadh thar lear. Ceaptar go mbeidh gach aon rud ar a thoil ag duine, nach mbeidh deacracht ar bith ann. Tarlaíonn a leithéid le mic léinn J-1 nó le daoine atá díreach cáilithe ón choláiste. Measann siad go n-éireoidh thar barr leo, agus tá gnéithe áirithe den eisimirce atá go haoibhinn, ach tá seans ann chomh maith go gcuirfí le fadhbanna ar bith a bhain le daoine sular chuir siad chun siúil. Moltar do dhaoine smaoineamh go géar ar chúrsaí sula bhfágann siad an tír seo. Má theipeann ar dhuine, cén dara rogha atá acu? Mura mbíonn airgead acu, má bhíonn lagmhisneach orthu, an mbeidh leisce orthu cabhair a lorg? Má bhíonn an dúlagar ag cur isteach orthu cad a dhéanfaidh siad, cé a chabhródh leo? Caitheadh daoine tamall le plan áirithe a dhéanamh a chabhródh leo, díreach mar a dhéanfaidh daoine árachas taistil nó árachas sláinte a cheannach dóibh féin ar eagla na heagla.

Bímis tuisceanach faoin tsláinte intinne chomh maith. Is rud soghortaithe í an intinn, díreach mar a ghortódh daoine cnámh ag an sciáil. In am an ghátair bíonn sé deacair uaireanta, an bealach éalaithe a aimsiú. Molann Eileen do theaghlaigh in Éirinn bheith aireach faoi dheacrachtaí bheith ag a muintir thar lear, agus bheith i dteagmháil leo go rialta, agus cumarsáid shuaimhneach a dhéanamh leo. Bíonn deacracht ag daoine a iarraidh ar ghaolta leo a rá mura mbíonn an saol i gceart acu, cé nach mbeadh níos lú measa orthu dá bharr.

Má bhíonn duine i dteagmháil Skype le duine eile atá thar lear, bítear ag súil leis go ndéarfadh an té atá thar lear go bhfuil saol faoi shó á chaitheamh acu. Is minic nach mbíonn cúrsaí chomh maith san, agus caithfear a bheith aireach agus daoine a spreagadh le dul i dteagmháil leis an ionad tréadach nó le seirbhís éigin eile más gá. Thar aon rud eile molann Eileen do dhaoine bheith ag comhrá lena chéile. Réitíonn an chaint go leor fadhbanna, ná bíodh leisce ar dhaoine bheith ag caint le duine ar bith a chabhródh leo.



Ag Filleadh Abhaile

Cé go mbíonn líon ard daoine ag dul ar deoraíocht ó Éirinn go fóill, déanann méid suntasach daoine an cinneadh teacht abhaile arís. Ó mhí Aibreán 2012 go mí Aibreán 2013, tháinig 15,700 náisiúnach Éireannach ar ais chun na hÉireann. Bhí cuid de na daoine seo as baile ar feadh i bhfad, cuid eile acu nach raibh imithe ach ar feadh thréimhse níos giorra ama, agus bíonn éagsúlacht fáthanna ann le go bhfillfeadh daoine ar Éirinn. Is Cuma cé chomh fada agus a bheadh daoine ó bhaile, is tábhachtach an rud é go ndéanfadh eisimircigh atá le fillleadh, plean gníomhaíochta amach dóibh féin.

‘NÍ BHÍONN SÉ CHOMH DEACAIR SIN FILLEADH AR AN MBAILE AGUS A CHEAPFADH DAOINE’

D’fhill Sarah ar Éirinn le déanaí, agus í tar éis dhá bhliain a chaitheamh i Hong Cong, agus toisc go raibh an réamhphleanáil déanta aici, bhí sé éasca go leor di dul i dtaithí ar an saol sa bhaile arís. Ní raibh uirthi an tír seo a fhágáil ar an gcéad dul síos, sé an fáth gur imigh sí ná chun saol eachtraíochta a lorg. Bhí sí díreach cáilithe ón gcoláiste, agus in ionad dul chun na hAstráile, shocraigh sí ar thriail a bhaint as Hong Cong. Is í an chúis is mó le go ndearna sí a leithéid ná go raibh sé furasta post dea-íochta a fháil ann mar mhúinteoir Béarla. Ní raibh uirthi an cúrsa TEFL a dhéanamh fiú, le go bhféadfadh sí post a fháil ina n-íocfaí suas le €50 in aghaidh na huaire di. Bhí go leor poist ann do chéimithe leis an mBéarla mar theanga dhúchais acu.

Bhain sí taitneamh as an thréimhse a chaith sí i Hong Cong – bítear ag ceapadh go bhfuil costas ard maireachtála inti, agus tá cíosanna arda le hÍoc, ach is furasta cairdeas a dhéanamh ann le daoine óga eile a bheadh ag múineadh an Bhéarla, agus is féidir maireachtáil ann go saor. Bíonn na córais taistil saor agus éifeachtach, agus bhí an costas ar bheith ag ithe as baile chomh saor le bheith ag siopadóireacht do do bhia féin san ollmhargadh. Bíonn sé i bhfad níos saoire dul chuig clubanna oíche agus chuig an tábhairne ná mar a bhíonn i mBleá Cliath.



Bhí sí ag ceapadh go bhfanfadh sí ar feadh bliana, ach thaitin an áit chomh mór sin léi gur chuir sí síneadh lena fanacht ann. Bhí an t-ádh léi intéirneacht a fháil le carthanacht Bhéarla, agus d’fhan sí ar feadh bliana eile. Tháinig sí abhaile ansin toisc go raibh deacrachtaí aici post éagsúil a fháil ansin gan an Chaintinis bheith aici. Rinne sí staidéar áirithe ar an teanga, ach bíonn sé deacair máistreacht a fháil uirthi. Tar éis tamaill, bhí an plódú ag cur isteach uirthi chomh maith, cé go bhfuil go leor tránna, rianta fánaíochta, oileáin, agus áiteanna iargúlta go maith in aice le Hong Cong. Ba bhunáit í chomh maith, a bhí an-oiriúnach le bheith ag tabhairt cuairteanna ar áiteanna eile san Áis uaithe, leithéidí an Chambóid, Vítneam, an Téaváin, na hOileáin Philipíneacha agus an tSín.

Ní raibh sé chomh deacair sin uirthi fillleadh abhaile agus a d’fhéadfadh a bheith. Chaith sí am ag meabhrú beartaithe di féin, ar nós ullmhú don athrú aimsire, don chóras taistil costasach, ag cuimhneamh air go mbeadh go leor dá seanchairde imithe chun siúil.

Tharla ar fhilleadh áfach, go bhfuair sí go leor dá cairde i mBleá Cliath roimpi. Bhíodh sí i dteagmháil leo ar Skype agus ar Facebook, mar sin bhí sé éasca go leor di teacht isteach ar an seansaol sa bhaile arís. Bhí buntáistí agus míbhuntáistí ag baint le bheith ag cónaí athuair lena tuismitheoirí. Bíonn bia ar fáil i gcónaí sa bhaile, ach anois is arís déantar déileáil le duine mar a bheadh déagóir inti. Tá sí ag obair mar intéirneach neamhíoctha arís, agus mar sin beidh sí ag brath ar na tuismitheoirí go fóill.

Ní shamhlaítear di go bhfuil an tír seo chomh hólca agus a deir na meáin ó am go ham. Tuigtear di go bhfuil méadú i líon na ndaoine gan dídean a bhíonn ag codladh faoin aer i lár na cathrach, rud a thugann le fios go bhfuil an cúlú eacnamaíoch ag goilleadh ar dhaoine go fóill. Cé go mbíonn cíosanna dochreidte ard, d'éirigh leis an gcuid ba mhó dá cairde áiteanna cónaithe a aimsiú, agus nuair a fheiceann sí an tarraingt ar na clubanna oíche agus an cultúr caife bheith faoi bhláth, is léir go bhfuil airgead le caitheamh ag go leor daoine.

Níor dheacair an rud di filleadh abhaile ar chúpla fáth: tá cónaí ar na tuismitheoirí i mBleá Cliath agus táid sásta go gcónóidh sí leo saor ó chíos go fóill; chuir sí stró uirthi féin bheith i dteagmháil i gcónaí lena cairde. Measann sí go gcaithfidh duine a bheadh ag smaoineamh ar fhilleadh abhaile a leithéid a dhéanamh, go mbíonn sé níos fusa dóibh socrú isteach arís anseo. Rinne sí go leor machnaimh roimh fhilleadh di, agus chuir sí isteach ar phoist mar intéirneach sular tháinig sí abhaile, agus d'éirigh léi ceann acu a fháil. Measann sí go ndearna sí an cinneadh ceart di féin.

SLÁN ABHAILE – AN CLÁR ‘SAFE HOME’

Is minic a bhíonn cabhair de dhíth ar dhaoine a bhí i bhfad ó bhaile ar feadh na mblianta maidir le cóiríocht a fháil, Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí nó cárta liachta a fháil, agus conas cuntas bainc a bheith acu. Is maith an rud é go bhfuil eagrais in Éirinn a chabhródh leo.

Déanann Máirín Higgins, comhordaitheoir cláir Safe Home, cur síos ar an gcabhair a chuireann siad ar fáil d'eisimircigh Éireannacha a bheadh ag filleadh abhaile arís:

'Is carthanacht chláráithe í 'Safe Home', agus tugann an clár tacaíochta d'eisimircigh na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála maoiniú di. Cuireadh Safe Home ar bun le go bhféadfaí freastal ar an bhfionn a bhíonn ar eisimircigh aosta áirithe ó Éirinn, filleadh abhaile arís. Tugaimid faoi deara go bhfuil méadú ag teacht i líon na ndaoine óg atá ar imirce, a bhíonn ag lorg eolais uainne maidir le filleadh abhaile. Cuirimid fáilte roimh an teagmháil seo, mar nach mbíonn sé furasta do chách filleadh abhaile, agus caithfear ullmhú i gceart chuige.

Is é an rud is tábhachtaí a dhéanfadh duine a bhí ag smaoineamh ar fhilleadh go hÉirinn, ná réamhobair a dhéanamh i dtosach báire. Bíonn sé seo thar a bheith tábhachtach do na daoine a bheadh ag brath ar chúnamh airgid a fháil ón Stát Éireannach ar fhilleadh dóibh.

Bíonn deacrachtaí ag daoine ach go háirithe leis an gCoinníoll Gnáthchónaithe (Habitual Residence Condition). Is féidir na deacrachtaí seo a sheachaint má thagann daoine i dteagmháil le heagras mar 'Safe Home' sula ndéantar an cinneadh daingin faoi theacht abhaile.

Bronntar liosta cáipéisí a bheadh uathu ar gach aon duine a gcuirtear cóiríocht orthu tríd an gclár Safe Home agus cuirtear ina luí orthu gan filleadh abhaile ina n-éagmais. Daoine a ndéanann a bealach féin abhaile, caithfidh siad an méid doiciméad agus is féidir a bhreith leo, ionas go ndéanfaí an t-athrú go dtí ár gcóras féin a éascú chomh maith agus is féidir. Cuirimid béim mhór ar an ngné seo den fhilleadh. Bíonn strus ar dhaoine agus iad ag filleadh abhaile agus dá bhrí sin is ceart go ndéanfaidís cúrsaí a éascú dóibh féin chomh mór agus is féidir.

Iarraimid ar dhaoine gan a bheith ag teacht abhaile sula bhfaigheann siad comhairle faoina leithéid a dhéanamh. Má bhíonn comhairle shaor faoi rún ó dhuine, is féidir dul i dteagmháil le Safe Home ag an suíomh gréasáin www.safehomeireland.com, nó ríomhphost a sheoladh chuig: safehomeireland@eircom.net, nó trí ghlao a chur ar +353 98 36036, nó scríobh chuig: An Clár Safe Home, Sráidbhaile Bhréanainn, An Mhala Raithní, Co. Mhaigh Eo, Éire.

Cuireann Safe Home comhairle ar dhaoine aire a thabhairt dóibh seo:

TÁ SÉ RIACHTANACH GO MBEADH NA RUDAÍ SEO AGAT

- » Cáipéisí Pearsanta; teastas breithe, teastas pósta, cáipéisí faoi cholscaradh más gá, deimhniú báis (i gcás céile bheith marbh) doiciméid a bhaineann le d'fhilleadh;
- » Doiciméid tacaíochta; cáipéisí mar shampla a thabharfadh léargas ar riocht sláinte, ainm agus seoladh an fhostóra is déanaí a bhí agat, uimhir Árachais Náisiúnta nó uimhir Leasa Shóisialaigh, pádhuille más rud é gur íocadh tú le déanaí, an P60 agus P45 is déanaí, nó rudaí den sórt sin ón tír a fhágann duine le teacht abhaile, ráiteas suas chun dáta ó sholáthróir pinsin, ráiteas cíosa más rud é gur tionónta a bhí ionat, agus cruthúnas gur éiríodh as an tionóntacht seo, nó gur dhíol duine an teach. Bíodh cruthúnas agat faoi stop a chur le hÍocaíochtaí leasa shóisialaigh neamh-inaistrithe, cruthúnas faoi chuntais bhainc thar lear bheith dúnta (cé nach féidir cuntais bainc thar lear a dhúnadh uaireanta toisc nach féidir pinsean a aistriú go dtí go mbíonn cuntas bainc in Éirinn ag duine), ráitis bhainc le sé mhí anuas bheith ar fáil agat, ráitis dúnta ó bhanc, cárta ón NHS nó ó eagras eile dhá shórt;
- » Má bhíonn carr á thabhairt abhaile agat, beir leat do cheadúnas tiomána, leabhar clárúcháin, sonraí árachais agus doiciméid ar bith a bhaineann le húnireacht na feithicle.

CUNTAS BAINC A OSCAILT

Tá gá le haitheantas fótagrafach le cuntas bainc a oscailt in Éirinn, agus de ghnáth lorgaítear dhá bhille fóntais i d'ainm féin agus seoladh in Éirinn orthu le cruthú go gcónaíonn tú sa tír. Baineann deacrachtaí lena leithéidí bheith á gcur ar fáil ag eisimircigh ar fhilleadh dóibh, toisc gur billí fóntais démhíocháin a bhíonn iontu de ghnáth, agus is baol go gcuirfí moill ar aistriú pinsean agus sochar dá bharr.

Baineann éagsúlacht aitheantais le cuntas bainc a oscailt. An rogha is fearr atá ann ná pas iomlán a thabhairt leat. Mura mbíonn sé seo ar fáil agat is féidir go nglacfaí le: ceadúnas tiomána nó aoischartha a d'eisigh na Gardaí; teastas breithe agus grianghraf sínithe ag na Gardaí bheith leis; doiciméad a tháinig ó roinn Rialtais le d'ainm air, agus ráiteas leis ó dhuine cáilithe a dhéanfadh d'aitheantas a dhearbhu, m.sh. dlíodóir, dochtúir, ministir, múinteoir nó duine gairmiúil eile.

Déanann an institiúid airgeadais, an cinneadh faoi phíosa aitheantais agus cáipéisí tacaíochta maidir le cónaí, a bheith bailí.

UIMHIR PSP (PPS) A LORG

Ceann de na rudaí is túisce a dhéanfaidh tú ná clárú le hUimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (uimhir PPS) a fháil. Is ionann é seo agus an uimhir Árachais Náisiúnta/Uimhir Slándála Sóisialaí. Tabhair faoi deara go mbeidh an uimhir seo ag daoine áirithe cheana féin más rud é go dtagann páirtíocaíocht phinsin ón rialtas anseo, nó gur oibrigh siad in Éirinn i ndiaidh 1979.

Tá seacht bhfigiúir san uimhir PPS agus litir nó dhó ina ndiaidh, m.sh. 4567893W. Má theastaíonn uait eolas a lorg faoi uimhir PPS a bhíodh agat cheana féin, téigh i dteagmháil le: Client Identity Services, Shannon Lodge, Cora Druma Rúisc, Co. Liatroma, Íosghlao 1890 927999 nó fón: (071) 967 2616. Is féidir ríomhphost a sheoladh chuig: cis@welfare.ie.

Mura mbíonn uimhir PPS agat, beidh ort teastas breithe fadfhoirme, ID fótagrafach agus fianaise faoi bheith ag cónaí in Éirinn a bhreith leat chun cur isteach ar cheann a fháil. Bíonn moill seacht lá nó mar sin ann chun iarratas ar PPSN a phróiseáil.

TIONSCADAL IMIRCEACH CROSSCARE

Is eagraíocht tathanta é Tionscadal Imirceach Crosscare, a chuireann eolas ar fáil d'imircigh leochaileacha, agus a dhéanann atreorú a chur ar fáil chomh maith. Is tionscadal de chuid Crosscare é an tionscadal d'imircigh, agus baineann an ghníomhaireacht chúram sóisialta seo le hArd-Deoise Bhaile Átha Cliath. Tugann Tionscadal Imirceach Crosscare aire d'eisimircigh Éireannacha atá ag filleadh, nó a bhfuil sé ar intinn acu filleadh ar an tír seo. Is é an cuspóir atá rompu ná cabhrú le heisimircigh, agus leis na daoine leochaileacha atá ina measc ach go háirithe, roghanna feasacha a dhéanamh, agus bheith in ann a gcuid cearta a fháil.

Tugann Tionscadal Imirceach Crosscare eolas d'eisimircigh Éireannacha, do na daoine atá ag filleadh, agus d'imircigh chun na tíre trí sheirbhísí siúl isteach, for-rochtana, fóin, ríomhphoist, foilseachán agus tacaíocht eolais ghinearálta a chur ar fáil.

Cuireann Tionscadal Imirceach Crosscare bileoga cuimsitheacha eolais ar fáil roimh imeacht dóibh do mhuintir na hÉireann a bheadh ag dul ar imirce, agus bileog eolais mhíosúil d'eisimircigh, rudaí atá ar fáil ag an suíomh gréasáin www.migrantproject.ie

TIONSCADAL IMIRCEACH CROSSCARE

1 Sráid na hArdeaglaise,
Baile Átha Cliath 1,
Éire
Fón: + 353 (0)1 873 2844
Facs: + 353 (0)1 872 7003
Ríomhphost: migrantproject@crosscare.ie
Gréasán: www.migrantproject.ie

Acmhainní an Pharóiste

GUÍ AN PHOBAIL

Cur i Láthair (ón gCeannaire)

A dheartháireacha agus a dheirfiúracha, guímis ár riachtanais anois os comhair Dé.

Idirghuí: (ón deagánach, ón gcantóir nó ó dhuine eile)

1. Guímid ar son na n-eisimirceach go gcuirfear fáilte chroíúil Chríostaí rompu, pé áit ar domhan a dtéann siad. A Thiarna Éist Linn.
2. Guímid ar son na ndaoine gan fostaíocht, agus ar son na ndaoine a bhfuil amhras orthu a gcuid post bheith slán, go mbeidh na húdaráis ag obair go dian ar a son, le fostaíocht a chur ar fáil ina dtír féin do chách. A Thiarna Éist Linn.
3. Guímid ar son na ndaoine a tháinig chugainn ó thíortha i gcéin le cónaí in Éirinn, go gcuirfidh an pobal fáilte mhór rompu inár measc, agus go gcuirfidh siad le saibhreas an tsaoil anseo trína gcuid tallann a bhronnadh orainn. A Thiarna Éist Linn.
4. Guímid ar son ár ndeartháireacha agus ár ndeirfiúracha atá faoi choimeád i bpríosún, iadsan atá gafa thar lear ach go háirithe. Ná déanaimis dearmad ar an dualgas cúraim atá orainn, aire a thabhairt dóibh agus dá mhuintir. A Thiarna Éist Linn.
5. Guímid ar son mhuintir na hÉireann ar fud an domhain, go mbeidh grásta Dé orthu i gcónaí. Cuimhnimis ach go háirithe ar dhaoine uaigneacha, agus ar na daoine nach bhfuil sé ar acmhainn acu filleadh abhaile. A Thiarna Éist Linn.
6. Guímid ar son na ndaoine aosta, agus ar son na ndaoine uaigneacha, go bhfaighidh siad tacaíocht láidir uainn le linn dorchadais an gheimhridh. A Thiarna Éist Linn.
7. Guímid ar son na ndaoine a fuair bás le déanaí, iadsan a d'éag go tragóideach thar lear nó i bpríosún ach go háirithe, agus ar son na mairbh uile. A Thiarna Éist Linn.

Conclúid (ón gCeannaire)

A Thiarna Ghrámhar, a aoire caoin, is tusa a thugann aire leanúnach do do thréad. Éist lenár n-urnaí. Cuirimid ár nguí go dóchasach, go muinéach chugat, trí Chríost ár dTiarna. Áiméan.



NÓTAÍ AITHISC


Tá aistear torthúil naoi mbliana curtha díom mar shéiplíneach don phobal Éireannach agam, agus caithim súil siar air inniu, an 17 Márta. Bíonn fonn ar chách bheith mar Éireannaigh ar ócáid mar seo, agus déantar ceiliúradh go forleathan le mórshiúlta agus fleánna ceoil agus bia Éireannach.

Tuigimid go maith mar Éireannaigh, an scéal faoin mbealach inar gabhadh Pádraig, inar tugadh mar sclábhaí chun na hÉireann é, inar chaith sé a chuid ama ag aoireacht muc ar Shliabh Mis. Tugann an scéal seo le fios dúinn go mbíonn léas dóchais le sonrú ann i gcónaí, go mbíonn maitheas i ngach eachtra, cuma cé chomh holc agus a bhíonn sé. Bhíodh Pádraig ag guí chun Dé d'óiche is de lá i rith an chruatain a d'fhulaing sé. D'éalaigh sé ag an deireadh, agus d'fhill ar a mhuintir. Cuireadh glao ar Phádraig fillleadh chun na hÉireann, ní le díoltas a bhaint amach, ach le bheith mar shoiscéalaí. Ba eisean duine de na misinéirí is mó a raibh rath air i saol na hEaglaise. Déanann an uile dhuine againn iarracht an soiscéal a scaipeadh i measc phobal Dé, agus is amhlaidh do mhuintir Ionad Tréadach Éireannach Bostúin. Tagann an glao Éireannach chugainn chomh maith, agus is glao ón duine óg ón bpobal Éireannach atá gan cháipéisí inimirce a thagann chugainn. Ní iarrtar orainn breith a thabhairt, nó cáineadh a dhéanamh, ach iarrtar orainn tacaíocht a chur ar fáil do na daoine atá in am an ghátair.

Cé go bhfuil mórtas maith cine le sonrú i measc an phobail Éireannaigh anseo, tá eisimircigh Éireannacha ann a bhíonn uaigneach agus ar an imeall. Tarlaíonn sé seo de bharr na ndeacrachtaí eacnamaíochta atá ann faoi láthair, méadú ar an dífhostaíocht agus stop éiginnte curtha leis an tógáil. Bíonn an cúram ar an tséiplíneacht Éireannach aire a thabhairt don uile dhuine a lorgódh cabhair uainn. Cuireann Soiscéal Mhatha i gcumhne dúinn go dtabharfar breith orainn Lá an Luain ar an mbealach inar dhéileálar leis na daoine nach bhfuil chomh maith as agus atá muid féin. 'Deirim libh go fírinneach, sa mhéid go ndearna sibh é do dhuine den chuid is lú de na bráithre seo agamsa, is domsa a rinne sibh é'. (Matha: 25:40).

Is cuimhin liom go raibh triúr deartháir ó iarthar na hÉireann ag obair agus ag cur fúthu i mBastún. Cuir duine acu lámh ina bhás féin. Bhí tionchar millteach ag an eachtra seo ar an mbeirt eile, agus tháinig siad ag lorg tacaíochta agus cúnamh uainn. Threoraigh mise tríd an bpróiseas imscrúdaithe iad. Bhuail mé lena muintir nuair a tháinig siad anall ó Éirinn, rinne socraithe faoin tórramh agus faoin adhlacadh. Ní raibh sé ar acmhainn ag na deartháireacha féin fillleadh ar Éirinn leis an gcorp, agus chuir mé comhairleoireacht méala ar fáil dóibh anseo. Ní tarlú ar leithlis an ócáid thragóideach seo. Bímis ag guí go dtiocfaidh borradh agus fás roimh an eacnamaíocht. Bíodh dóchas ionainn don todhcháí. Caithimid freagairt thréadach a chur ar fáil do riachtanais chriticiúil na ndaoine gátaracha.

Is cuimhin liom go bhfuairamar glao ó chomharsa a raibh amhras orthu faoi chúinsí maireachtála mná Éireannach a bhí breis agus trí scór go leith bliain d'aois. Chuireas cuairt gan coinne uirthi, agus bhí ionadh an domhain orm maidir leis na cúinsí maireachtála míshláintiúil a fuair mé ann romham. Bhí orm gníomhú ar an toirt agus an chabhair a bhí de dhíth uirthi a chur ar fáil. Maraíodh fear óg ó Chontae Luimnigh go



tragóideach ar láthair oibre i ngnócheantair Bastúin níos luaithe sa mhí seo. Chuaigh mé lena dheartháir céile chun an nuacht a chur in iúl dá dheirfiúr. Ba dheacair di déileáil leis an dólás do-inste agus leis an saothar ollmhór a bheadh roimpi. Ghuíomar lena chéile, rinneamar gol, ghuíomar athuair. D'éirigh linn bealach a dhéanamh tríd an dólás, ghuíomar go leigheasfaí an cailleadh duine agus go nglacadh sí leis an athrú saoil.

Mar mhalairt air sin, gabhaimis buíochas as an bhfear óg seo ó Thuaisceart Éireann. Cuireadh i bpríosún é tar éis dó gníomhaíocht fhoréigineach a dhéanamh agus é faoi thionchar dhrugaí agus alcól. Tháinig sé i dteagmháil leis an Ionad Tréadach Éireannach i mBostún agus tá sé ar ais ag obair anois, saor ón alcól, agus é ag glacadh páirte go deimhneach sa tsochaí.

Is de bharr an chreidimh a léirigh Pádraig i soiscéil Íosa a tharlaíonn go bhfuil ábhar bróid ionainne agus i gcultúr na hÉireann. Sháraigh ár dtír dhúchais na deacrachtaí a bhain le haimsir na bPéindlíthe, sháraíomar an Gorta Mór, ach tá dúshláin mhóra romhainn i saol an lae inniu. Loiteann an eisimirce an tír, scartar teaghlaigh óna chéile, agus scaiptear ár muintir ar fud an domhain agus iad ag lorg oibre le saol úr a chruthú dóibh féin. Seasann dóchas phobal Bastúin leo. Mar mhic agus mar iníonacha Phádraig leanaimis ar aghaidh lena chuid oibre agus má dhéantar amhlaidh, beidh an domhan níos fearr as dá bharr. Gealfaidh an grá a thugaimid do Dhia agus dár gcomharsa an saol dúinn féin agus do na daoine sin a thagann i dteagmháil linn, iadsan a ndéanaimid freastal orthu tríd an mhinistreacht.

Is tríd an tséiplíneacht a dhéanaim féin an tiomantas i leith freastal ar dhaoine a chur i bhfeidhm, agus an dlíteanas atá orm tacaíocht a thabhairt don phobal de réir mar a iarrann Íosa orm. Baineann cur chuige iomlánaíoch le bheith ag ceiliúradh na sacraimintí agus ag tabhairt an aire thréadach dóibh atá riachtanach do dhaoine leochaileacha agus don phobal atá gan seilbh. Is tríd an tséiplíneacht a dhéanaim obair Dé a chur ar aghaidh, agus É á aithint agus á léiriú i ngach uile dhuine daonna, ós rud é gur cruthaíodh in íomhá Dé sinn.

An tAthair John McCarthy
Séiplíneach, Ionad Tréadach Éireannach Bostúin

*Tá breis nótaí aithisc Lá 'le Pádraig ar fáil in eagrán an Mhárta de *Intercom*.

Comhairle Easpag Éireann d'Eisimircigh

Comhairle de chuid Chomhdháil Easpag Caitliceach na hÉireann

Ionad Choilm, Maigh Nuad, Contae Chill Dara

Fón: 015053155 Facs: 016016401 Ríomhphost: emigrants@iecon.ie